An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán Uimhir: 0076/2020**

**Chuig:** Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc Scoileanna Dara Leibhéal, Scoileanna Speisialta agus Príomhoifigigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna

# Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt ar leith don scoilbhliain 2020/21

CLÁR ÁBHAIR


1. INTREOIR ........ 3
1.1 Cuspóir an chiorcláin seo ........ 3
1.1.2 Tionchar COVID-19 ar Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí 2019/20 ........ 3
1.2 Príomhathruithe don scoilbhiain 2020/2021 ........ 3
1.2.1 Socruithe na Measúnuithe Rang-Bhunaithe agus Tascanna Measúnaithe in 2020/21........ 4
1.2.2 Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus Measúnú Ábhar ........ 5
1.2.3 Uaireanta Acmhainní Bainistíochta........ 5
1.2.4 Folláine ........ 5
1.2.5 Stair na Sraithe Sóisearaí........ 6
2. CURACLAM AGUS MEASÚNÚ SA tSRAITH SHÓISEARACH ........ 6
2.1 Na socruithe curaclaim agus measúnaithe don tSraith Shóisearach ........ 6
2.2 Ábhair, gearrchúrsaí, aonaid tosaíochta foghlama agus gníomhaíochtaí foghlama eile...6
2.3 Céimniú ar Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí ........ 7
2.4 Sonraíochtaí Ábhar, Siollabais agus Treoirlínte Faofa ........ 7
2.5 An Líon Ábhar agus Gearrchúrsaí a nDéanfaidh Scoláirí staidéar orthu........ 8
2.6 Ábhair a ndéantar staidéar orthu lasmuigh de shuíomh scoile ........ 11
2.7 Clár Folláine........ 13
2.7.1 Tuairisciú ar Fholláine trí PGSS ........ 14
2.8 Éagsúlacht agus Inrochtaineacht ........ 15

2.9 Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 ....15
2.10 Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh ....16
2.11 Socruithe amchláir ....16
3. MEASÚNÚ AGUS TUAIRISCIÚ SA tSRAITH SHÓISEARACH .... 17
3.1 Socruithe measúnaithe d'ábhair ....17
3.2 Measúnuithe Rang-Bhunaithe ....18
3.2.1 Measúnuithe Rang-Bhunaithe (MRBanna) in Ábhair .... 18
3.2.2 Eochairdhátaí do Mheasúnuithe Rang-Bhunaithe sa scoilbhliain 2020-2021.... 19
3.2 3 Measúnuithe Rang-Bhunaithe i nGearrchúrsaí .... 22
3.2.4 Cruinnithe um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁnna) d'fhonn tacú le cur chun feidhme MRBanna .... 22
3.3 Socruithe Tascanna Measúnaithe (TManna) do 2020/21 ....25
3.4 Scrúdú Deiridh do scoláirí tríú bliana 2020/21 ....25
3.5 Socruithe measúnaithe do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais ....26
3.6 Tuairisciú ar Ghnóthachtáil Scoláirí ....27
3.6.1 Tuairisciú .... 27
3.6.2 Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) .... 28
3.6.3 Socruithe taifeadta agus tuairiscithe .... 28
3.6.4 Coimeád PGSS agus Bainistiú ar Thaifead .... 29
3.7 Foghlaimeoirí lánfhásta i suíomhanna oideachais d'aosaigh ....29
4. ACMHAINNÍ AGUS TACAÍOCHTAÍ .... 30
4.1 Pleanáil Scoile Uile agus Féinmheastóireacht Scoile ....30
4.2 Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí ....31
4.3 Am Gairmiúil ....33
4.4 Acmhainní do chomhordú Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhar 35
4.5 Acmhainní Bainistíochta ....35
5. FAISNÉIS BHREISE .... 37
5.1 Rialacha agus Clár ....37
5.2 Rochtain ar Fhaisnéis ....37
AGUISÍN 1 – Doiciméadacht Ghaolmhar .... 38
AGUISÍN 2 – Leithdháileadh *Pro Rata* an Ama Ghairmiúil ar Mhúinteoirí Páirtaimseartha 40

**Profa dheireadh**

# 1. INTREOIR

## 1.1 Cuspóir an chiorcláin seo

Tagann an Ciorclán seo isteach in áit chiorclán 0055/2019 dar teideal "Socruithe do Chur chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt faoi leith don scoilbhliain 2019/20" agus tá leagtha amach ann na socruithe lena rialófar anois cur chun feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach 2015, le tagairt faoi leith don scoilbhliain 2020/21.

Iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta, ar Phríomhoidí na scoileanna dara leibhéal agus na scoileanna speisialta ar fad agus ar Phríomhfheidhmeannach gach Bord Oideachais agus Oiliúna a chinntiú go ndírítear láithreach aird na múinteoirí ar fad ar an gCiorclán seo. Iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta freisin a chinntiú go gcuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí ar an eolas faoi na gnéithe ábhartha den Chiorclán seo.

Ba é Meán Fómhair 2019 an chéim dheiridh de thabhairt isteach sonraíochtaí ábhair nua do scoileanna. Leantar d'athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar chur chun feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach, i gcomhpháirt le ceannairí scoile, múinteoirí agus comhpháirtithe oideachais eile.

### 1.1.2 Tionchar COVID-19 ar Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí 2019/20

Rinneadh roinnt cinntí le míonna beaga anuas maidir le scrúduithe na Sraithe Sóisearaí 2020 mar gheall ar thionchar na paindéime COVID-19 ar oideachas. Ina measc sin bhí cur ar ceal scrúduithe teastais an Mheithimh 2020, agus obair agus gnóthachtáil scoláirí na Sraithe Sóisearaí sa tríú bliain in 2020 le haithint le teastas stáit ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus go ndéanfadh scoileanna tuarascáil scríofa scoile a sholáthar do na scoláirí sin ar a ngnóthachtálacha foghlama a luaithe agus ab fhéidir tar éis dheireadh na scoilbhliana 2019/20. Fógraíodh freisin go gcuirfí socruithe sonracha i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí lánfhásta agus do luathfhágálaithe scoile chun deis a thabhairt dóibh tabhairt faoi scrúduithe deiridh na Sraithe Sóisearaí i bhfómhar na bliana 2020.

Aithníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na comhpháirtithe oideachais go raibh gá le bearta eisceachtúla in 2020 chun foghlaim na scoláirí a mheas agus a dheimhniú ach nach measfar cur chun feidhme na mbeart sin mar fhasach nó mar chomhaontú chun bearta den sórt sin a oibriú sna blianta amach romhainn.

## 1.2 Príomhathruithe don scoilbhiain 2020/2021

Sa chuid seo, tá achoimre ar na príomhathruithe agus ar na nuashonruithe sa tSraith Shóisearach don scoilbhliain 2020/21. I mí Iúil 2020, d'fhoilsigh an Roinn treoir churaclaim agus measúnaithe do cheannairí scoile agus múinteoirí iar-bhunscoile maidir le filleadh ar scoil in 2020/21. Ina theannta sin, foilsíodh treoir shonrach maidir le socruithe measúnaithe do Scrúduithe Teastais 2021 i mí Lúnasa 2020. Tá na socruithe sin saindeartha chun an chur isteach ar fhoghlaim na scoláirí sin le linn na scoilbhliana 2019/20 a chur san áireamh agus áirítear leo an cinneadh nach ndéanfar scrúdú ar an Tasc Measúnaithe (TM) in ábhair lena mbaineann an ghné sin in 2021. Tá naisc leis na doiciméid sin le fáil in Aguisín 1.

Eiseofar gan mhoill freisin treoir maidir le socruithe athbhreithnithe do scoláirí na 3ú bliana atá ag tabhairt faoi Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 (CFL1anna agus CFL2anna) in 2020/21.

### 1.2.1 Socruithe na Measúnuithe Rang-Bhunaithe agus Tascanna Measúnaithe in 2020/21

Cuireadh scoileanna agus suíomhanna nach scoileanna iad ar an eolas i mí na Bealtaine 2020 maidir le socruithe athbhreithnithe do Mheasúnuithe Rang-Bhunaithe (MRBanna) in 2020/21 agus maidir le soiléirithe breise agus príomhdhátaí do MRBanna sa scoilbhliain sin. Tá nasc leis an doiciméadúchán sin le fáil in Aguisín 1. Cuimsítear na nithe a leanas sna socruithe sin:

- Síneadh leis an spriocdháta chun MRBanna 1 a chur i gcrích isteach sa scoilbhliain 2020/21, agus ceadú chomh maith don fhéidearthacht go bhféadfadh sé go raibh roinnt múinteoirí agus scoileanna in ann iad a chur i gcrích roimh dheireadh 2019/20.

  An ceanglas ar scoláirí atá ag dul isteach sa tríú bliain den tSraith Shóisearach in 2020/21 dhá MRB a chur i gcrích i ngach ábhar a bhaint, agus comhlánú MRB amháin i ngach ábhar ann mar cheanglas.

- Roghnóidh bainistíocht na scoile agus a múinteoirí, le comhphlé nuair is indéanta le scoláirí, cé acu MRB le comhlánú do gach ábhar. É sin ráite, tá roinnt eisceachtaí ann maidir leis an rogha sin:
  - Chun measúnú ar scileanna cumarsáide ó bhéal a chinntiú, ní mór do scoláirí MRB 2: Tasc Cumarsáideach i nGaeilge a chomhlánú, agus MRB 1: Cumarsáid ó Bhéal i Nua-Theangacha Iasachta.
  - Toisc go bhfuil siad nasctha i ngach cás leis an scrúdú deiridh san ábhar, ní mór do scoláirí atá ag déanamh staidéir ar Amharc-Ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, agus Ceol MRB 2 a chomhlánú.

Coigeartófar dearadh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) do 2021 chun na socruithe athbhreithnithe do MRBanna a chur san áireamh. Cuireadh in iúl do scoileanna agus do shuíomhanna nach suíomhanna scoile iad i mí Lúnasa 2020 nach gceanglófaí ar scoláirí atá ag dul isteach sa tríú bliain i mí Mheán Fómhair 2020 Tascanna Measúnaithe a chur i gcrích do na hábhair ábhartha agus go mbeidh tuairiscíní gráid sna hábhair sin bunaithe ar an scrúdú amháin.

Sa Cheol agus san Eacnamaíocht Bhaile déanann scoláirí scrúdú praiticiúil agus ní dhéanann siad Tasc Measúnaithe (TM). Maidir leis an Amharc-Ealaín, tá an measúnú deiridh bunaithe ar leabhar saothair agus déantúsáin amharc-ealaíon na scoláirí a thabhairt chun críche agus ní chomhlánaíonn na scoláirí TM. Sna trí ábhar sin, tá MRB2

nasctha leis an scrúdú praiticiúil/scrúdú Amharc-Ealaíne agus cuirfear socruithe modhnaithe i bhfeidhm maidir leis na riachtanais scrúdaithe nasctha sin.

### 1.2.2 Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus Measúnú Ábhar

Ceanglaíodh ar scoileanna i gCiorclán 0017/2020, Treoir ar an bPróiseas Athbhreithnithe um Fhoghlaim agus Measúnú Ábhar na Sraithe Sóisearaí (AFMÁ – nasc in Aguisín 2) a heisíodh ar an 27 Feabhra 2020, rogha amháin a dhéanamh as na ceithre cinn a chuireadh ar fáil maidir heagrú cruinnithe AFMÁ. Dá roghnódh scoil ar bith an ceathrú rogha, cheadófaí leis go dtionólfaí cruinnithe AFMÁ go hiomlán le linn gnáthuaireanta teagaisc scoile, le laghdú comhfhreagrach ar leithdháileadh na múinteoirí don am gairmiúil. Níor roghnaigh aon scoil an rogha sin. Tá tuilleadh sonraí maidir le cruinnithe AFMÁ leagtha amach i mír 3.2.4.

### 1.2.3 Uaireanta Acmhainní Bainistíochta

Leanfar le soláthar uaireanta acmhainní bainistíochta don bhliain acadúil 2020/21 sna cúinsí áirithe a bhaineann leis an mbliain sin. Taispeántar an leithdháileadh don bhliain acadúil 2020/21 thíos agus tá roinnt athruithe ann ón soláthar a bhí ann do 2019/20, le méadú foriomlán ar an soláthar maoinithe.

| **Rollú** | **Uaireanta Acmhainní Bainistíochta Seachtainiúla** |
|---|---|
| 700 + | 2 uair (2 uair 15 nóiméad a bhíodh ann) |
| 600 – 699 | 2 uair 40 nóiméad (2 uair 27 nóiméad a bhíodh ann) |
| 400 – 599 | 2 uair (1 uair 57 nóiméad a bhíodh ann) |
| < 399 | 2 uair (1 uair 30 nóiméad a bhíodh ann) |

Beidh feidhm ag na socruithe *pro rata* atá ann cheana maidir le cur chun feidhme páirteach.

Déileáiltear leis an réimse sin ar shlí níos mionsonraithe i mír 4.5 den Chiorclán seo.

### 1.2.4 Folláine

Cuireadh tús le clár Folláine na Sraithe Sóisearaí le 300 uair an chloig ar a laghad de rannpháirtíocht ar an gclár ama in 2017 agus é sin le tabhairt suas go 400 uair an chloig de rannpháirtíocht ar an gclár ama do scoláirí a thiocfaidh isteach sa chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2020. I bhfianaise na ndúshlán éagsúil atá roimh scoileanna maidir le hatosú i mí Mheán Fómhair 2020, tá rogha á thabhairt do na scoileanna an méadú ar an soláthar don chlár folláine ag an tSraith Shóisearach ó 300 go 400 uair an chloig a chur siar bliain amháin go dtí an bhliain acadúil 2021/22.

Ina theannta sin, agus a gcláir Folláine á bpleanáil acu, ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara gur chóir deireadh a chur le húsáid siollabais an Teastais

Shóisearaigh le haghaidh Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) ó mhí Mheán Fómhair 2021 ar aghaidh. Iarradh ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) freisin clár 135 huaire an chloig a ullmhú don Chorpoideachas.

I bhfianaise an fhíorais, mar gheall ar éifeacht na paindéime COVID-19, ní tháirgfear Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) i leith na Sraithe Sóisearaí 2020. Tuairisceofar anois ar réimse foghlama na Folláine i PGSS na Sraithe Sóisearaí den chéad uair in 2021. Féach mír 2.7 le haghaidh mionsonraí.

### 1.2.5 Stair na Sraithe Sóisearaí

I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'fhógair an tAire Oideachais gur cheart go mbeadh croí-stádas speisialta ag an Stair laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach. Tá tuilleadh sonraí ina leith sin leagtha amach i gCiorclán 0016/2020 (nasc in Aguisín 1). Ó mhí Mheán Fómhair 2020, déanfaidh scoláirí staidéar ar Bhéarla, Gaeilge, Matamaitic agus Stair (le roinnt eisceachtaí i gcás scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu), mar aon le roinnt ábhar nó gearrchúrsaí eile ina gclár Sraithe Sóisearaí.

# 2. CURACLAM AGUS MEASÚNÚ SA tSRAITH SHÓISEARACH

## 2.1 Na socruithe curaclaim agus measúnaithe don tSraith Shóisearach

Tá na socruithe curaclaim agus measúnaithe don tSraith Shóisearach faoi mar atá siad leagtha amach in *Creat don tSraith Shóisearach 2015* agus sna sonraíochtaí agus sna siollabais bhainteacha atá forbartha ag CNCM agus faofa ag an Aire. Ba cheart do gach scoil an Creat a úsáid chun clár a phleanáil le haghaidh gach ceann de na trí bliana den tSraith Shóisearach a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach sa Chiorclán seo, atá bunaithe ar riachtanais foghlama agus ar shainspéiseanna na scoláirí, agus a léiríonn spiorad sainiúil na scoile. Ba cheart go mbeadh an clár atá pleanáilte do scoláirí atá ag teacht isteach sa tSraith Shóisearach agus ag tosú ar an gcéad bhliain sa bhliain acadúil 2020/21 ar fáil do scoláirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí a luaithe agus is féidir, agus ba cheart go n-áireofaí leis an treoir churaclaim agus mheasúnaithe do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile maidir le filleadh ar scoil in 2020/21, arna heisiúint ag an Roinn i mí Iúil 2020, agus an treoir maidir le socruithe measúnaithe do Scrúduithe Teastais 2021 a foilsíodh i mí Lúnasa 2020.

## 2.2 Ábhair, gearrchúrsaí, aonaid tosaíochta foghlama agus gníomhaíochtaí foghlama eile

Tá foráil in *Creat don tSraith Shóisearach 2015* le go ndéanfaidh scoláirí i scoileanna aitheanta staidéar ar

- Réimse d'ábhair

**NÓ**

- Teaglaim d'ábhair agus de ghearrchúrsaí

**NÓ**

- I gcás roinnt scoláirí aonair a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, teaglaim d'aonaid tosaíochta foghlama, agus/nó gearrchúrsaí agus/nó ábhair, atá oiriúnach dá riachtanais aonair

**AGUS**

- Clár i réimse na Folláine.

Cinnteoidh scoileanna go mbeidh na 24 ráiteas foghlama agus na 8 bpríomhscil le sonrú sna cláir a thairgtear dá gcuid scoláirí sa tSraith Shóisearach. Leagtar amach na torthaí foghlama go soiléir i sonraíochtaí ábhair agus gearrchúrsaí.

## 2.3 Céimniú ar Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí

Ó mhí Mheán Fómhair 2019 tá scoláirí atá ag teacht isteach sa chéad bhliain ag déanamh staidéir ar shonraíochtaí nua i **ngach** ábhar, cé go bhfuil scoláirí a chuaigh isteach sa chéad bhliain in 2018/19 ag déanamh staidéir ar mheascán d'ábhair na Sraithe Sóisearaí agus an Teastais Shóisearaigh. Tá nasc chuig suíomh Gréasáin CNCM mar a bhfuil na sonraíochtaí ar fad leagtha amach le fáil in Aguisín 1.

## 2.4 Sonraíochtaí Ábhar, Siollabais agus Treoirlínte Faofa

Is iad seo a leanas treoirlínte na sonraíochtaí ábhar agus measúnaithe a leagann amach na socruithe curaclaim agus measúnaithe do gach ábhar, gearrchúrsa nó réimse foghlama don tSraith Shóisearach, agus atá faofa ag an Aire:

- Tá sonraíochtaí ábhair agus treoirlínte measúnaithe na Sraithe Sóisearaí a foilsíodh tar éis 2014 comhsheasmhach le tabhairt isteach céimnithe, pleanáilte ábhar;
- Maidir le scoláirí a thosaíonn i mí Mheán Fómhair ó 2019 ar aghaidh, cuimsítear iontu sin gach ceann de na sonraíochtaí nua ábhair don tSraith Shóisearach mar atá: Béarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Gaeilge, Nua-Theangacha Iasachta (Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis), Amharc-ealaín, Matamaitic, Eacnamaíocht Bhaile, Stair, Ceol, Tíreolaíocht, na Clasaicí, Teicneolaíochtaí (Innealtóireacht, Teicneolaíocht Adhmaid, Teicneolaíocht Fheidhmeach agus Grafaic) Oideachas Reiligiúnach agus Staidéar Giúdach;
- Sonraíochtaí ábhartha gearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí CNCM a roghnaigh an scoil (más infheidhme) lena gcur san áireamh ina gclár Sraithe Sóisearaí;
- Sonraíochtaí gearrchúrsa scoile agus/nó gearrchúrsaí a forbraíodh go seachtrach arna roghnú ag an scoil (más infheidhme) lena gcur san áireamh ina clár Sraithe Sóisearaí;
- Treoirlínte CNCM um Fholláine sa tSraith Shóisearach, lena n-áirítear foilseachán CNCM *Ábhar Machnamh don Phleanáil do Fholláine na Sraithe Sóisearaí 2020-21*;
- Treoirlínte Chlár Foghlama Leibhéal 2 CNCM do Mhúinteoirí;
- Treoirlínte Chlár Foghlama Leibhéal 1 CNCM do Mhúinteoirí.

## 2.5 An Líon Ábhar agus Gearrchúrsaí a nDéanfaidh Scoláirí staidéar orthu

Is iondúil go ndéanfaidh scoláirí staidéar ar íosmhéid de 8* agus uasmhéid de 10 n-ábhar don scrúdú deiridh, agus beidh an líon faoi leith ábhar ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil an scoláire sin ag gabháil do ghearrchúrsaí chomh maith. Is féidir staidéar a dhéanamh ar cheithre ghearrchúrsa ar a mhéad i gclár na Sraithe Sóisearaí, ach amháin i gcásanna ina bhfuil scoláire ag déanamh staidéir ar ghearrchúrsaí folláine in OSPS, OSSP nó sa Chorpoideachas. Níl sé mar aidhm ná mar rún go nglacfadh gearrchúrsaí ionad na n-ábhar atá ann cheana.

Níor cheart aon eisceachtaí ar an gceanglas thuas maidir le híosmhéid de 8 n-ábhar a dhéanamh ach amháin i gcás na scoláirí sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a fhéadfaidh líon níos ísle ábhar a dhéanamh, in éineacht, i roinnt cásanna, le cláir foghlama Leibhéal 2 nó Leibhéal 1.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, d’fhógair an tAire Oideachais gur cheart go mbeadh croí-stádas speisialta ag an Stair laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach. Tá tuilleadh sonraí ina leith sin leagtha amach i gCiorclán 0016/2020. Ó mhí Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh, déanfaidh scoláirí staidéar ar Bhéarla, Gaeilge, Matamaitic agus Stair (tá roinnt eisceachtaí don Stair i bhfeidhm i gcás scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu), mar aon le roinnt ábhar eile agus/nó gearrchúrsaí ina gclár Sraithe Sóisearaí.

Tá sé de fhreagracht ar údarás na scoile a chinntiú go léiríonn Bunachar Sonraí Ar Líne d’Iar-Bhunscoileanna go cruinn na hábhair a bhfuil gach scoláire ag déanamh staidéir orthu – idir ábhair scrúdaithe agus ábhair nach ábhair scrúdaithe iad, lena n-áirítear ábhair a dhéantar lasmuigh de shuíomh scoile. Úsáidtear an Bunachar Sonraí Ar Líne d’Iar-Bhunscoileanna chun sonraí na scoláirí agus a gcuid ábhar a sholáthar do Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) chun críocha scrúdaithe. Tá sonraí cruinne agus iomlána ar Bunachar Sonraí Ar Líne d’Iar-Bhunscoileanna riachtanach ionas go gcuirtear na hábhair a theastaíonn uathu ar fáil do scoláirí dá dTascanna Measúnaithe[1], do thástálacha praiticiúla agus feidhmíochta agus do na scrúduithe deiridh.

D’fhonn cuidiú le scoláirí na Sraithe Sóisearaí bainistiú a dhéanamh ar éilimh na Sraithe Sóisearaí agus a chinntiú nach mbeidh na ceanglais maidir leis an bpróiseas measúnaithe iomarcach, beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm:

I ngach cineál scoile aitheanta dara leibhéal, do scoláirí a thosaigh ar an tSraith Shóisearach i mí Mheán Fómhair 2018, 2019 agus 2020, tá feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

| **Ábhair agus gearrchúrsaí** |
|---|

[1] *Ba chóir a thabhairt faoi deara, mar thoradh ar shocruithe sonracha a cuireadh i bhfeidhm do scoláirí atá ag dul isteach sa tríú bliain in 2020/21 mar gheall ar dhúnadh scoileanna de dheasca COVID-19, nach bhfuil Tascanna Measúnaithe ann do scoláirí sa tríú bliain den tSraith Shóisearach in 2020/21.*

| | |
|---|---|
| | Déanfaidh scoláirí:<br>• staidéar ar uasmhéid de 10[2] n-ábhar le haghaidh Scrúdaithe Deiridh agus lena dtuairisciú trí PGSS<br>***NÓ***<br>• staidéar a dhéanamh ar suas le 9 n-ábhar don Scrúdú Deiridh agus suas le 2 ghearrchúrsa lena dtuairisciú trí PGSS<br>***NÓ***<br>• staidéar a dhéanamh ar suas le 8 n-ábhar don Scrúdú Deiridh agus suas le 4[3] ghearrchúrsaí lena dtuairisciú trí PGSS |
| **Folláine** | |
| | Cuimseofar sa réimse foghlama seo an fhoghlaim a áirítear go traidisiúnta in OSSP, sa Chorpoideachas agus in OSPS. Meabhraítear do scoileanna go bhfuil tairseach íosta de 300 uair an chloig thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí ar cheart a sholáthar i leith an Chorpoideachais, OSPS agus OSSP:<br>• Corpoideachas: 135 huaire an chloig dáilte thar an gcéad, an dara agus an triú bliain (agus nach foláir iad a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana).<br>• OSPS: 70 uair an chloig dáilte thar an gcéad, an dara agus an triú bliain (agus nach foláir iad a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana).<br>• OSSP: 70 uair an chloig dáilte thar an gcéad, an dara agus an triú bliain.<br>Is iad seo a leanas na roghanna atá ar fáil *:<br>**Rogha 1:** Na sonraíochtaí do ghearrchúrsaí CNCM in OSSP, OSPS, Corpoideachas (100 uair an chloig an ceann); |

*[2] Cuimsítear san uasmhéid de 10 n-ábhar, ábhair a ndéantar staidéar orthu lasmuigh de shuíomh aitheanta scoile. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach féidir le scoláirí a roghnaíonn staidéar a dhéanamh ar ábhar lasmuigh dá scoil na ceanglais don Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) agus don Tasc Measúnaithe i leith an ábhair sin a chur i gcrích.*

*[3] Féadfaidh scoláire staidéar a dhéanamh ar níos mó ná ceithre ghearrchúrsa má dhéanann sé/sí staidéar ar ghearrchúrsa amháin nó níos mó um Fholláine in OSPS, OSSP agus sa Chorpoideachas.*

| | |
|---|---|
| | **Rogha 2:** Gearrchúrsaí saindeartha ag an scoil nó atá deartha go seachtrach in OSSP, OSPS, Corpoideachas (100 uair an chloig) ag baint úsáide as teimpléad CNCM agus 'Treoirlínte maidir le do ghearrchúrsa féin a fhorbairt', atá le fáil in Aguisín 1;<br>**Rogha 3:** Cláir/modúil/aonaid eile le haghaidh OSSP, OSPS, Corpoideachas arna bhforbairt ag baint úsáide as Aguisín I de Threoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí de chuid CNCM;<br><br>**Rogha 4:** Siollabas an Teastais Shóisearaigh do OSSP (1996), siollabas an Teastais Shóisearaigh OSPS (2000), an Siollabas Corpoideachais (2003).[4]<br><br>Tabhair faoi deara:<br>• Féadfaidh scoileanna réimsí eile a chur san áireamh ina soláthar d'Fholláine, mar atá sonraithe i mír 2.7<br>* *Nó teaglaim de na roghanna sin a fhad is go gcomhlíontar an íostairseach ama thar na trí bliana do Chorpoideachas, OSPS agus OSSP.* |
| **Réimsí eile foghlama** | |
| | • Féadann scoláirí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí foghlama eile atá leagtha amach i gclár na scoile don tSraith Shóisearach. Is féidir go n-áireofaí orthu sin gníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha, tréadacha, eolaíochta, fiontraíochta, chomh maith le gníomhaíochtaí eile ar féidir leo tacú leis an 24 ráiteas foghlama agus leis na 8 bpríomhscil.<br><br>• Ní mór go mbeadh oideachas treorach mar chuid de chlár na Sraithe Sóisearaí. Is acmhainn úsáideach do scoileanna le |

[4] *Agus a gclár Folláine á phleanáil acu, ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara gur cheart deireadh a chur le húsáid siollabais an Teastais Shóisearaigh le haghaidh OSPS agus OSSP ó mhí Mheán Fómhair 2021 ar aghaidh. Iarradh ar CNCM freisin clár 135 huaire an chloig a ullmhú don Chorpoideachas.*

| | |
|---|---|
| | haghaidh pleanála don Treoir san Oideachais í an Creat Treorach Scoile Uile 2017 a d'fhorbair an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas. Tá nasc don Chreatdoiciméad le fáil in Aguisín 1.<br>• Cuirfidh roinnt scoileanna cúrsa san oideachas reiligiúnach a léiríonn a n-éiteas saintréitheach féin ar fáil do scoláirí mar chuid de chlár na Sraithe Sóisearaí. |

Tabhair faoi deara an méid seo a leanas:

- Féadfaidh scoileanna leanúint de bheith ag tairiscint níos mó ná 10 n-ábhar dá gcuid scoláirí céad bhliana d'fhonn roghnú na n-ábhar ar féidir staidéar a dhéanamh orthu le haghaidh Scrúdaithe Deiridh a éascú. Nuair a théann scoláirí isteach sa dara bliain, áfach, ní mór cloí leis an uasmhéid de 10 n-ábhar.
- Tá an liosta d'ábhair fhéideartha ar fáil in Aguisín 1.
- Déanfaidh scoláirí staidéar ar idir 8 agus 10 n-ábhar[5].
- Ní mór do gach scoláire Gaeilge, Béarla, Matamaitic agus Stair a áireamh ar na hábhair a ndéanann siad staidéar orthu. [6]

Tabharfaidh an Roinn Oideachais aitheantas do na scoláirí atá ag déanamh staidéir ar an gclár, faoi mar atá leagtha síos sna ceanglais thuas, chun críocha leithdháileadh na múinteoirí agus íocaíochtaí eile leis an scoil.

## 2.6 Ábhair a ndéantar staidéar orthu lasmuigh de shuíomh scoile

Tá Creat na Sraithe Sóisearaí saindeartha lena sheachadadh laistigh de shuíomh scoile agus ní fhéadfar ach tabhairt faoi gach ábhar agus réimse foghlama ina n-iomláine laistigh de shuíomh scoile. Is dámhachtain scoilbhunaithe í Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a tharraingíonn ar agus a thuairiscíonn ar ghnóthachtáil i ngach gné den mheasúnú lena n-áirítear measúnú leanúnach, Measúnuithe Rang-Bhunaithe (MRBanna) agus gráid agus tuairiscíní sna Scrúduithe Stáit.

Tacaíonn comhtháthú an mheasúnaithe agus an tuairiscithe mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga le clár thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. Déanann an múinteoir na MRBanna a mheasúnú i ngach réimse ábhair, bunaithe ar an bhfoghlaim a tharla i gcomhthéacs an tseomra ranga. Mar gheall ar COVID-19, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar scoláirí sa scoilbhliain 2020/21, in imthosca eisceachtúla,

[5] *Níor cheart eisceachtaí ón líon íosta 8 n-ábhar a dhéanamh ach amháin i gcás scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a fhéadfaidh líon níos ísle ábhar a dhéanamh.*
[6] *Féadfar scoláirí áirithe a dhíolmhú ó staidéar na Gaeilge de réir Chiorclán 0052/2019. Beidh feidhm ag roinnt eisceachtaí ó staidéar ar an ábhar Stair i gcás scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tagraítear do sin i gCiorclán 0016/2020.*

cuid dá gcuid oibre nó a gcuid oibre ar fad ar MRBanna a chur i gcrích ar scoil nó go cianda, le treoir óna múinteoirí.

Beidh múinteoirí i scoil ina bhfuil an t-ábhar á mhúineadh rannpháirteach i gcruinnithe Athbhreithniú Foghlama agus Measúnaithe Ábhair (AFMÁ). Is cuid thábhachtach den phróiseas measúnaithe é an cruinniú AFMÁ agus tá oiliúint faighte ag múinteoirí sa dea-chleachtas sa réimse sin.

I roinnt cásanna, féadfaidh scoláirí staidéar a dhéanamh ar ábha(i)r lasmuigh de shuíomh aitheanta scoile. I gcásanna den chineál sin (fiú i gcás go bhfuil an scoláire ag déanamh níos lú ná deich n-ábhar ar scoil) ní féidir na ceanglais do MRBanna ag scoileanna aitheanta a shásamh agus ní féidir, dá bhrí sin, MRBanna a thuairisciú mar chuid den PGSS. Sa chás nach féidir le scoláirí na MRBanna a chomhlánú laistigh de shuíomh aitheanta scoile (nó ionad aitheanta le haghaidh breisoideachais), taispeánfar "níor tuairiscíodh" ar PGSS.

Maidir le scoláirí a roghnaigh an scolaíocht bhaile, beidh rochtain acu ar an scrúdú deiridh sa tSraith Shóisearach. Ní dhéanfar PGSS a sholáthar do scoláirí dá leithéid seo toisc PGSS a bheidh saindeartha mar dhámhachtain scoilbhunaithe. Féadfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) ráiteas a sholáthar do na scoláirí sin ar a mbeidh torthaí na scrúduithe deiridh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach sárófar an t-uasmhéid de 10 n-ábhar a cheadaítear le haghaidh scrúdaithe agus teastais ó CSS, fiú má tá staidéar á dhéanamh ar ábhair mar ábhair bhreise lasmuigh de shuíomh scoile.

Níl an tsraith iomlán comhpháirteanna foghlama agus measúnaithe ag an tSraith Shóisearach ar fáil ach amháin nuair atáthar i mbun staidéir i suíomh scoile. Nuair is mian le scoláire tabhairt faoi ábhar lasmuigh de shuíomh aitheanta na scoile, ba chóir don scoil tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir maidir leis an méid seo leanas:

- Ní féidir le scoláirí a roghnaíonn staidéar a dhéanamh ar ábhar lasmuigh dá scoil na ceanglais don Mheasúnú Rang-Bhunaithe (MRB) agus[7] don Tasc Measúnaithe (TM) a chur i gcrích;

- Ní bheidh scoláirí in ann ach na marcanna atá ar fáil sa scrúdú deiridh a bhaint amach mar thoradh ar gan a bheith ábalta na ceanglais do MRBanna a chur i gcrích in ábhair ábhartha;

---

[7]*Tabhair faoi deara go bhfuil socruithe nua malartacha i bhfeidhm do scoláirí sa tríú bliain in 2020/21 mar gheall ar dhúnadh na scoileanna de dheasca COVID-19. Mar thoradh ar na socruithe nua sin, níl aon Tascanna Measúnaithe ann do scoláirísa tríú bliain den tSraith Shóisearach in 2020/21. Beidh an tuairiscín gráid a bhronntar ar na hábhair sin bunaithe ar an bpáipéar scrúdaithe.*

- I gcás an Cheoil, mar bheart eisceachtúil agus i bhfianaise na n-athruithe a tugadh isteach maidir le MRBanna do 2020/21, ceadófar do scoláirí atá ag dul isteach sa tríú bliain in 2020/21 leanúint ar aghaidh ag staidéir lasmuigh de shuíomh scoile le haghaidh tuairiscithe ina PGSS.

## 2.7 Clár Folláine

Beidh gach scoláire a thosaíonn ar an tSraith Shóisearach ó mhí Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh ag tabhairt faoi réimse foghlama ar a dtugtar Folláine. Trasnóidh Folláine na trí bliana den tSraith Shóisearach agus tógann sé ar an obair shubstaintiúil atá ar siúl cheana féin sna scoileanna chun tacú le Folláine na scoláirí. Samhlaítear dá mhéad é tiomantas na scoile i leith an réimse foghlama seo gur mó tionchair a bheidh aige ar fholláine na scoláirí. Cuimseoidh sé deiseanna foghlama chun tuilleadh feabhais a chur ar fholláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta na scoláirí.

Cuireadh tús le clár Folláine na Sraithe Sóisearaí le híosmhéid de 300 uair an chloig de rannpháirtíocht ar an gclár ama in 2017, d'fhonn tógáil air sin go 400 uair an chloig de rannpháirtíocht ar an gclár ama faoi 2020 do scoláirí a thagann isteach sa chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2020. I bhfianaise na n-iliomad dúshlán a bhí agus atá roimh na scoileanna ar fhilleadh chun na scoile i mí Mheán Fómhair 2020, tá an rogha á tabhairt do na scoileanna chun an méadú ó 300 go 400 uair an chloig ar an soláthar maidir le Folláine sa tSraith Shóisearach a chur siar bliain, go dtí an bhliain acadúil 2021/22.

Is é an aidhm atá le Treoirlínte CNCM le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach tacú le scoileanna chun clár comhsheasmhach Folláine a phleanáil agus a fhorbairt a chuirfidh leis na tuiscintí, na cleachtais agus na curaclaim Folláine atá sna scoileanna cheana. Ba cheart do scoileanna na gearrchúrsaí atá forbartha ag CNCM sa Chorpoideachas, OSSP agus OSPS a bhreithniú agus Clár Folláine á phleanáil. D'eascair na gearrchúrsaí sin as comhairliúchán forleathan le comhpháirtithe oideachais lena chinntiú go bpléann na cúrsaí le foghlaim thábhachtach, ábhartha agus bhríoch do dhaoine óga sna hábhair sin. Cuimsítear chomh maith comhairle i dtaca le measúnú do na gearrchúrsaí a d'fhorbair CNCM.

D'fhoilsigh CNCM *Ábhar Machnamh don Phleanáil le haghaidh Folláine na Sraithe Sóisearaí 2020-2021* freisin, atá le fáil in Aguisín 1. Forbraíodh an doiciméad sin chun tacú le pleanáil don scoilbhliain 2020/21 mar fhreagairt ar na cúinsí uathúla a tháinig chun cinn mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19, agus a mbeidh tionchar acu ar phleanáil do chlár Folláine na Sraithe Sóisearaí.

Féadann scoileanna, sa bhreis ar na cláir staidéir sa Chorpoideachas, san OSSP agus san OSPS, réimsí eile a chuimsiú ina soláthar le haghaidh Folláine. Tá samplaí leagtha amach i dtreoirlínte CNCM le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach mar a n-áirítear réimsí amhail treoir, cúrsaí nó aonaid a chuirtear ar fáil i scoileanna a phléann le gnéithe den fholláine, míreanna as ábhair eile a bhfuil nasc soiléir idir iad agus an fholláine,

tionscnaimh scoile agus cúrsaí agus aonaid ábhartha arna bhforbairt ag gníomhaireachtaí agus eagrais sheachtracha. Treoraítear do scoileanna aird a thabhairt ar Chiorclán 0043/2018 – *Treoir dhea-chleachtais d'iar-bhunscoileanna maidir le cláir agus/nó áisitheoirí seachtracha a úsáid chun Folláine a chur chun cinn de réir Ráiteas Polasaí Folláine agus Creatlach Chleachtais na Roinne Oideachais agus Scileanna* agus cláir nó acmhainní arna bhforbairt ag áisitheoirí seachtracha á roghnú acu. Tá nasc chuig an gCiorclán sin le fáil in Aguisín 1. Aithnítear go bhféadfadh nach mbeadh sé indéanta i gcónaí áisitheoirí seachtracha a úsáid chun Folláine a chur chun cinn i suíomh fisiciúil mar gheall ar COVID-19.

Tá raon leathan de roghanna curaclaim ar féidir le scoil a chur san áireamh nuair a bhíonn breithniú déanta ar riachtanais ar leith na scoláirí sa tSraith Shóisearach, an comhthéacs uathúil agus na hachmainní atá ar fáil. Féadfaidh scoileanna aonaid foghlama a thabhairt isteach chun cuid de chlár Folláine na scoile a chlúdach. Ní mór, áfach, an réasúnaíocht i dtaca le cuimsiú na n-aonad sin i gclár Folláine na scoile a bheith soiléir. Tá sé tábhachtach iad a bheith nasctha leis na sé tháscaire don fholláine, go dtugtar breac-chuntas soiléir ar an bhfoghlaim ar fholláine a dtugann siad aghaidh orthu agus go bhfuil siad ionchuimsitheach i leith gach scoláire sa tSraith Shóisearach. Is féidir teacht ar an teimpléad pleanála le tacú le scoileanna agus aonaid foghlama san Fholláine á bpleanáil acu in Aguisín I de Threoirlínte Folláine na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Is féidir tionscnaimh roghnacha atá bainteach leis an bhFolláine ina mbíonn líon beag scoláirí rannpháirteach, seachas grúpa ranga iomlán, a bheith éifeachtach dóibh sin lena mbaineann siad. Níor cheart na heispéiris foghlama sin, áfach, a áireamh mar chuid den chlár Folláine óir ní chuimsíonn siad gach scoláire sa rang. Ba cheart dul i gcomhairle leis an bhfoireann, leis na tuismitheoirí agus leis na scoláirí nuair a bhíonn clár Folláine scoile á fhorbairt. Tá sraith aguisíní i dTreoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí le tacú le scoileanna sa phróiseas sin.

Is féidir Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Chleachtais na Roinne 2018-2023, mar aon leis na hacmhainní a forbraíodh do scoileanna a úsáid chun tacú le pleanáil le haghaidh 400 uair an chloig de rannpháirtíocht. Déanfar an clár FGL a sholáthraítear chun tacú le próiseas chur chun cinn folláine a ailíniú le Clár Folláine na Sraithe Sóisearaí.

### 2.7.1 Tuairisciú ar Fholláine trí PGSS

Tá sé mar aidhm ag tuairisciú ar fhoghlaim na scoláirí sa chlár ar Fholláine pictiúr a sholáthar ar a bhfuil foghlamtha ag scoláirí maidir le folláine na scileanna atá forbartha acu chun tacú lena bhfolláine féin. Táthar ag súil go dtuairisceoidh scoileanna ar fhoghlaim na scoláirí maidir le folláine mar chuid den mheasúnú agus tuairisciú leanúnach le linn na Sraithe Sóisearaí.

I bhfianaise an fhíorais, mar gheall ar éifeacht na paindéime COVID-19, ní tháirgfear PGSS i leith na Sraithe Sóisearaí 2020, déanfar tuairisciú ar Fholláine anois trí PGSS

den chéad uair in 2021. Taispeánfar an Fholláine i réimse ar leith den PGSS. Is sa réimse sin a thuairisceoidh scoileanna ar ghnóthachtáil scoláirí in OSSP, OSPS agus Corpoideachas. Éascófar é sin trí úsáid a bhaint as na tuairiscíní a forbraíodh cheana féin agus a léiríonn an teanga chuí foghlama[8].

Áireofar i réimse Folláine PGSS spás bán do théacs ar féidir le scoileanna a úsáid chun tuairisciú ar ghnóthachtáil i bhFolláine i réimsí eile mar atá leagtha amach i mír 2.7. Is féidir tuilleadh eolais air sin a fháil i Lámhleabhar PGSS.

## 2.8 Éagsúlacht agus Inrochtaineacht

Tá na sonraíochtaí ábhair, na gearrchúrsaí agus na hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) atá forbartha ag CNCM saindeartha le bheith chomh huilíoch agus chomh huileghabhálach agus is féidir agus chun deiseanna foghlama bríocha agus luachmhara a sholáthar do scoláirí ó gach cúlra cultúrtha agus sóisialta agus ó raon leathan de chúinsí aonair. Áirítear, mar chuid de sin, ag cinntiú go mbíonn rochtain chomh forleathan agus is féidir ag na scoláirí ar fad, lena n-áirítear scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ar na deiseanna foghlama, agus go gcuirtear na ráitis faoi na scileanna atá le forbairt in iúl ar bhealach a léiríonn é sin.

Nuair a bhíonn pleanáil á déanamh do chlár na Sraithe Sóisearaí, éilítear ar gach scoil comhthéacs áitiúil na scoile a chur san áireamh, chomh maith le cúlraí, réimsí spéise agus inniúlachtaí a cuid scoláirí lena chinntiú go bhfuil go leor solúbthachta laistigh de chlár Sraithe Sóisearaí na scoile chun freastal ar riachtanais foghlama aonair na scoláirí ar fad, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

D’ainneoin a bhfuil thuas, beidh roinnt scoláirí ann ar cinnte nach n-éireoidh leo torthaí foghlama a bhaint amach laistigh d’ábhair agus de shonraíochtaí gearrchúrsaí mar gheall ar riachtanas speisialta oideachais ar leith.

Ba cheart do scoileanna a bheith feasach air sin nuair a bhíonn a gcláir don tSraith Shóisearach á bpleanáil acu ionas go gcinnteofar, a oiread agus is féidir, go bhfuil an réimse ar leith d’ábhair, gearrchúrsaí agus ATFanna oiriúnach do riachtanais agus d’inniúlachtaí gach scoláire. Ba cheart an scoláire féin agus a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí a chur ar an eolas faoi indéantacht agus oiriúnacht na roghanna curaclaim atá ar fáil i bhfianaise inniúlacht an scoláire.

## 2.9 Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

**<u>Cláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1anna)</u>**

Tá Cláir Foghlama Leibhéal 1 (tagraíonn an téarma 'Leibhéal' d’ailíniú leathan leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) agus a bpríomhchuid churaclaim - Aonaid Tosaíochta

[8] *Sa chás nach bhfuil scoláirí ag tabhairt faoin ngearrchúrsa, ba chóir go léireodh an tuairiscín a bhronnann an múinteoir foghlaim agus gnóthachtáil an scoláire le linn an chúrsa staidéir.*

Foghlama (ATFanna) faofa ag an Aire agus ar fáil do scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2018. Tá CFL1anna saindeartha do scoláirí a bhfuil deacrachtaí/riachtanais foghlama acu sa raon cumais meánach íseal, agus géar agus trom agus nach féidir leo dá dheasca sin rochtain a fháil ar na CFL2anna go léir nó ar chuid acu. Déanfar CFL1anna a thuairisciú den chéad uair i PGSS in 2021.

Cuimsítear le CFL1anna sé ATFanna agus dhá ghearrchúrsa Leibhéal 1. Féadann roinnt scoláirí atá ag gabháil do Chlár Foghlama Leibhéal 1 tabhairt faoi líon beag ATFanna Leibhéal 2 (nó míreanna d'ATF) agus gearrchúrsaí freisin. Tá treoirlínte CFL1 ar fáil in Aguisín 1.

**Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna)**

Tá Cláir Foghlama Leibhéal 2 ar fáil do chatagóirí áirithe scoláirí le deacrachtaí/riachtanais foghlama ghinearálta sa réimse cumais íseal éadrom go hard meánach a thosaigh sa tSraith Shóisearach ó mhí Mheán Fómhair 2014. Tuairiscíodh na cláir sin den chéad uair sa PGSS in 2017.

Tá CFL2anna saindeartha do líon beag scoláirí sa tSraith Shóisearach ina gcuireann deacrachtaí/riachtanais na scoláirí sin bac orthu roinnt nó gach ceann de na hábhair nó na gearrchúrsaí atá ar fáil ag Leibhéal 3 a dhéanamh mar thoradh é a bheith aitheanta orthu go bhfuil tacaíochtaí foghlama breise ag teastáil uathu. Níl na CFL2anna oiriúnach do scoláirí atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise, agus níor chóir do na scoláirí seo tabhairt fúthu.

D'fhéadfadh go mbeadh ar chumas roinnt scoláirí a bhfuil deacrachtaí/riachtanais foghlama ghinearálta acu sa raon cumais íseal-éadroim go measartha trom tabhairt faoi scrúdú stáit Leibhéal 3 agus MRB nó gan ach MRB san ábhar sin amháin nó gearrchúrsa Leibhéal 3.

Tuairisceofar ar ghnóthachtálacha foghlama na scoláirí do na scoláirí/tuismitheoirí/caomhnóirí trí PGSS. Tá treoirlínte CFL2 ar fáil in Aguisín 1.

## 2.10 Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh

Féadfann scoileanna a bhfuil Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS) á thairiscint acu faoi láthair leanúint de bheith á dhéanamh sin. Tá athbhreithniú ar CSTS ar siúl, ach níorbh fhéidir an obair seo a thabhairt chun críche mar gheall ar bhrúnna eile a tháinig chun cinn i mbainistiú tionchar na paindéime COVID-19 ar phleanáil curaclaim agus measúnaithe. Níl aon iarratais nua á nglacadh ó scoileanna faoi láthair le haghaidh iontrála i CSTS.

## 2.11 Socruithe amchláir

Cuimsíonn na gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama, measúnaithe agus tuairiscithe a bheidh ar siúl i gcláir athbhreithnithe na Sraithe Sóisearaí raon níos leithne gníomhaíochtaí, cothromaíocht nua idir forbairt scileanna agus inniúlachtaí agus forbairt ar eolas na scoláirí. D'fhonn an fhoghlaim sin a éascú mar aon le cleachtais mhaithe le

haghaidh chur chun feidhme an mheasúnaithe fhoirmithigh, beidh gá le tréimhse ranga 40 nóiméad ar a laghad. Beidh gá le tréimhsí dúbailte ranga (2 x 40 nóiméad) d'ábhair áirithe le linn na seachtaine scoile. Ní mór do scoileanna a chinntiú feasta nach gcuirfear tréimhsí ranga níos lú ná 40 nóiméad ar an gclár ama. Beidh scoileanna áirithe ina mbeidh tréimhsí ranga níos faide, suas le 60 nóiméad (seachas 40 nóiméad), níos oiriúnaí do riachtanais foghlama a gcuid scoláirí agus do na hábhair a mbíonn siad i mbun staidéir orthu, é sin nó meascán de thréimhsí ranga 40 nóiméad agus tréimhsí ranga níos faide suas le 60 nóiméad.

Teastóidh **ar a laghad** 240 uair an chloig de rannpháirtíocht scoláírí ar an gclár ama don Bhéarla, don Ghaeilge agus don Mhatamaitic. Seachas Béarla, Gaeilge agus Matamaitic, éileoidh gach ábhar, lena n-áirítear Stair 200 uair an chloig **ar a laghad** de rannpháirtíocht scoláire ar an gclár ama lena n-áirítear gníomhaíocht teagaisc, foghlama agus measúnaithe.

Dearadh ATFanna le haghaidh **suas le** 250 uair an chloig de rannpháirtíocht scoláire agus tá siad leagtha amach i dtéarmaí gnéithe agus torthaí foghlama. **Ní mór** 100 uair an chloig de rannpháirtíocht scoláírí sna gearrchúrsaí thar na trí bliana den tSraith Shóisearach.

I scoileanna ina bhfuil clár samplála i bhfeidhm don chéad bhliain, ba cheart do bhainistíocht na scoile a chinntiú nach mbíonn tionchar ag cláir den sórt sin ar an am foriomlán atá ar fáil do na roghanna ábhair a roghnaítear de réir mar a théann scoláírí ar aghaidh sna blianta ina dhiaidh sin den tSraith Shóisearach.

## 3. MEASÚNÚ AGUS TUAIRISCIÚ SA tSRAITH SHÓISEARACH

### 3.1 Socruithe measúnaithe d'ábhair

Tá cur chuige déach i leith an mheasúnaithe tugtha isteach leis an gCreat don tSraith Shóisearach a thacaíonn le foghlaim an scoláire thar thréimhse trí bliana na Sraithe Sóisearaí. Laghdaíonn an cur chuige déach sin an fócas ar scrúdú amháin a dhéantar a mheasúnú go seachtrach mar bhealach chun measúnú a dhéanamh ar scoláírí agus méadaíonn sé an tsuntasacht a thugtar don mheasúnú rang-bhunaithe agus don mheasúnú foirmitheach. Tagann an t-athrú béime sin i gceist toisc go n-aithnítear go bhfoghlaimíonn scoláírí níos fearr nuair a fhaigheann siad aiseolas ó mhúinteoirí a chuidíonn leo tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir leo a gcuid foghlama a fheabhsú.

Is ar bhonn seachtrach fós a dhéanann CSS gach measúnú le haghaidh an Scrúdaithe Deiridh a cheapadh agus a mheasúnú.

Tá tuilleadh eolais ar an measúnú ar fáil ar shuíomh gréasáin CNCM ag: https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú.

Foilsíodh treoir shonrach i mí Lúnasa 2020 maidir le socruithe measúnaithe do scoláírí a bheidh ag tabhairt faoi Scrúduithe Teastais in 2021 i bhfianaise thionchar na paindéime

COVID-19. Tá na socruithe sin, dá dtagraítear i mír 1.2 thuas, saindeartha chun an tslí inar chuir an phaindéim isteach ar eispéireas foghlama na scoláirí sin le linn na scoilbhliana 2019/20 a chur san áireamh.

Tá na socruithe mar atá leagtha amach in *Creat don tSraith Shóisearach 2015* gan athrú i gcás scoláirí a thosaigh sa chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2019 agus i gcás na scoláirí atá ag dul isteach sa chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2020. Áirítear orthu sin:

- Measúnú ar shonraíochtaí ábhair trí aiseolas leanúnach sa rang, dhá Mheasúnú Rang-Bhunaithe (ceann sa dara bliain agus ceann sa tríú bliain de ghnáth), a thuairiscítear do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do scoláirí ag an scoil,
- Tasc Measúnaithe (arna cheapadh ag CNCM agus marcáilte ag CSS) i bhformhór na n-ábhar, agus
- Sraith de Scrúduithe Deiridh, arna riar agus arna marcáil ag CSS ag deireadh an tríú bliain.

Ginfidh an teaglaim den Tasc Measúnaithe agus an Scrúdú Deiridh, arna marcáil agus arna mbronnadh ag CSS, grád. Beidh socruithe measúnaithe atá modhnaithe beagán i bhfeidhm sna hábhair Amharc-ealaín, Ceol, Eacnamaíocht Bhaile, agus Teicneolaíocht.

## 3.2 Measúnuithe Rang-Bhunaithe

Cuireann na Measúnuithe Rang-Bhunaithe (MRBanna) ar chumas scoláirí a dtuiscint ar choincheapa agus ar scileanna a léiriú chomh maith lena gcumas iad a chur i bhfeidhm ar bhealaí nach bhféadfaí a dhéanamh i scrúdú a ndéanfaí measúnú seachtrach air. Úsáidtear iad chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim in ábhair agus i ngearrchúrsaí. Déanann múinteoirí na scoláirí measúnú ar na MRBanna agus déantar na tuairiscíní a bhronntar a thuairisciú do scoláirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí le linn na Sraithe Sóisearaí ag baint úsáide as na gnáthnósanna tuairiscithe scoile agus sa PGSS.

Is iad na scoláirí a chuaigh isteach sa chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2019 an chéad chohórt scoláirí atá ag tabhairt faoi chlár iomlán faoin gCreat nua don tSraith Shóisearach. Ós rud é go bhfuil aiseolas leanúnach, measúnú foirmitheach, MRBanna, tascanna measúnaithe (nuair is ábhartha) chomh maith le scrúduithe deiridh san áireamh i ngach sonraíocht ábhair nua, tá gá le 'ró-mheasúnú' a sheachaint agus an t-ualach carnach ar scoláirí agus ar mhúinteoirí maidir le hilmheasúnuithe thar an raon iomlán ábhar a íoslaghdú. Sa chomhthéacs seo, tógfaidh na MRBanna áit na measúnuithe eile a dhéantar faoi láthair ar nós scrúduithe inmheánacha scoile. Ba chóir go scrúdódh scoileanna a bpolasaithe measúnaithe féin agus ní mór dóibh pleanáil chun go ndéanfaidh scoláirí MRBanna in ionad scrúduithe inmheánacha scoile, nuair is ábhartha.

### 3.2.1 Measúnuithe Rang-Bhunaithe (MRBanna) in Ábhair

Tá sceideal athbhreithnithe dá gcuid MRBanna ag scoláirí a thosaigh sa chéad bhliain in 2018 mar a leagtar amach i mír 1.2.1 thuas. Déanfaidh scoláirí a tháinig isteach sa

chéad bhliain in 2019 agus 2020 dhá MRB arna n-éascú ag a múinteoir ranga, go ginearálta[9] ceann sa dara bliain agus ceann sa tríú bliain.

Sonraítear MRBanna i ngach ábhar ag leibhéal comónta. Clúdaíonn na measúnuithe a bhaineann le MRBanna raon leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear tascanna ó bhéal, obair scríofa de chineálacha éagsúla, tascanna praiticiúla nó dearaidh agus déanta, léirithe ealaíne, turgnaimh eolaíochta, tionscadail, punanna nó tascanna oiriúnacha eile, ag brath ar an ábhar atá i gceist. Aithnítear, le linn na paindéime COVID-19, go gcaithfear na gníomhaíochtaí sin a reáchtáil de réir na réamhchúraimí COVID-19 atá i réim.

I roinnt bheag ábhar (Amharc-ealaín, Ceol, Eacnamaíocht Bhaile agus na hábhair Theicneolaíochta), bíonn obair phraiticiúil, taibhiú, nó cruthú déantáin i gceist, a mharcálann CSS i láthair na huaire. Leanfar, sna hábhair sin, de mheasúnú seachtrach CSS ar an obair phraiticiúil, an taibhiú nó an déantán, chomh maith leis an bhfianaise scríofa a ghabhann leo de réir mar is cuí. Sna hábhair sin, beidh an dara MRB nasctha leis an obair phraiticiúil, an taibhiú nó an déantán atá ag teacht aníos. Déanfaidh an scoil an measúnú foirmitheach a bhaineann le táirgeadh na ndéantán agus na dtaibhithe sin a thuairisciú don scoláire agus don tuismitheoir/caomhnóir mar a dhéantar i gcás an dara MRB i ngach cás eile. Ba cheart an chuid thuas a léamh i gcomhthéacs mír 2.6 den Chiorclán seo – Ábhair a ndéantar staidéar orthu lasmuigh de shuíomh scoile.

- Tabharfaidh scoláirí faoi MRBanna laistigh d'am ranga de réir amchláir náisiúnta. Is féidir scoláirí a ndeimhnítear iad a bheith as láthair mar gheall ar COVID-19 a éascú chun taighde, cruthú agus comhlánú a dhéanamh ar a MRB go cianda, le tacaíocht agus treoir óna múinteoir. Tá sonraí faoin tráthchlár ar fáil ag www.ncca.ie chomh maith le treoirlínte measúnaithe do gach ábhar ar fáil ar www.curriculumonline.ie.

### 3.2.2 Eochairdhátaí do Mheasúnuithe Rang-Bhunaithe sa scoilbhliain 2020-2021

Tá an tréimhse ama inar féidir le scoileanna MRBanna agus cruinnithe AFMÁanna a chur i gcrích curtha ar fáil thíos. Ní mór MRBanna a chur i gcrích laistigh den tréimhse ama a leithdháiltear de réir mar a shonraítear sna Treoirlínte Measúnaithe do gach ábhar. Ba chóir go mbeadh an cruinniú AFMÁ ar siúl tráth nach déanaí ná mí tar éis an MRB a chur i gcrích, cé is moite de AFMÁanna d'obair na scoláirí ó MRBanna a cuireadh i gcrích le linn dhúnadh na scoileanna ach nár tionóladh fós. Nuair is gá, féadfar eochairdhátaí do MRBanna a leasú i bhfianaise imthosca áirithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist do scoileanna mar gheall ar COVID-19.

**<u>Cohórt scoláirí 2018 – 2021 (an 3ú bliain)</u>**
MRB 2 san Amharc-Ealaín (riachtanach)

---

[9] *Maidir leis an nGaeilge beidh an dá MRB ar siúl sa 3ú bliain.*

| | |
|---|---|
| **Dáta is deireanaí le haghaidh chur i gcrích** | Aoine 20ú Samhain 2020 |
| **Dáta is deireanaí don mhúinteoir tuairiscíní sealadacha a bhronnadh** | Aoine 27ú Samhain 2020 |
| **Dáta is deireanaí le haghaidh chur i gcrích an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus don mhúinteoir na tuairiscíní deiridh a bhronnadh** | Aoine 4ú Nollaig 2020 |

MRB 1 i Nuatheangacha Iasachta (riachtanach)

| | |
|---|---|
| **Dáta is deireanaí le haghaidh chur i gcrích** | Aoine 4ú Nollaig 2020 |
| **Dáta is deireanaí don mhúinteoir tuairiscíní sealadacha a bhronnadh** | Aoine 11ú Nollaig 2020 |
| **Dáta is deireanaí le haghaidh chur i gcrích an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus don mhúinteoir na tuairiscíní deiridh a bhronnadh** | Aoine 18ú Nollaig 2020 |

**Ceachtar de** Mheasúnú Rang-Bhunaithe 1 **nó** 2 i mBéarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Matamaitic, Stair, Tíreolaíocht

| | |
|---|---|
| **Dáta is deireanaí le haghaidh chur i gcrích** | Aoine 12ú Márta 2021 |
| **Dáta is deireanaí don mhúinteoir tuairiscíní sealadacha a bhronnadh** | Aoine 19ú Márta 2021 |
| **Dáta is deireanaí le haghaidh chur i gcrích an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus don mhúinteoir na tuairiscíní deiridh a bhronnadh** | Aoine 26ú Márta 2021 |

Measúnú Rang-Bhunaithe 2 sa Ghaeilge, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol (riachtanach)

| | |
|---|---|
| **Dáta is deireanaí le haghaidh chur i gcrích** | Aoine 12ú Márta 2021 |
| **Dáta is deireanaí don mhúinteoir tuairiscíní sealadacha a bhronnadh** | Aoine 19ú Márta 2021 |
| **Dáta is deireanaí le haghaidh chur i gcrích an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus don mhúinteoir na tuairiscíní deiridh a bhronnadh** | Aoine 26ú Márta 2021 |

**Cóhort scoláirí 2019 – 2022 (an dara bliain)**

Measúnú Rang-Bhunaithe 1 i mBéarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Nua-Theangacha Iasachta, Amharc-ealaín, Matamaitic, Stair, Tíreolaíocht, Ceol, Eacnamaíocht Bhaile

| | |
|---|---|
| **Tréimhse ama le haghaidh chur i gcrích** | Luan 2ú Samhain 2020 – Aoine 14ú Bealtaine 2021 |
| **Dáta is deireanaí don mhúinteoir tuairiscíní sealadacha a bhronnadh** | Céadaoin 19ú Bealtaine 2021 |
| **Dáta is deireanaí le haghaidh chur i gcrích an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus don mhúinteoir na tuairiscíní deiridh a bhronnadh** | Céadaoin 26ú Bealtaine 2021 |

Measúnú Rang-Bhunaithe 1 i dTeicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic, Teicneolaíocht an Adhmaid, Oideachas Reiligiúnach, Staidéar Giúdach, Clasaicí

| | |
|---|---|
| **Tréimhse ama le haghaidh chur i gcrích** | Céadaoin 6ú Eanáir – Aoine 14ú Bealtaine 2021 |
| **Dáta is deireanaí don mhúinteoir tuairiscíní sealadacha a bhronnadh** | Céadaoin 19ú Bealtaine 2021 |
| **Dáta is deireanaí le haghaidh chur i gcrích an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus don mhúinteoir na tuairiscíní deiridh a bhronnadh** | Céadaoin 26ú Bealtaine 2021 |

Tugtar leis na bandaí ama leathana inar féidir na MRBanna agus AFMÁanna a chomhlánú níos mó solúbthachta do scoileanna d’fhonn uainiú MRB a eagrú ar bhealach a oireann do riachtanais foghlama na scoláirí agus do riachtanais eagraíochtúla na scoile. Tugann sé sin níos mó solúbthachta freisin do scoileanna chun éispéiris foghlama ábhartha eile amhail gníomhaíochtaí comhchuraclaim nó breischuraclaim a chomhtháthú isteach ina gclár ama bliantúil.

Is faoi bhainistíocht na scoile atá sé na MRBnna agus cruinnithe AFMÁanna bainteacha a sceidealú laistigh de na bandaí ama níos leithne, i gcomhar leis na ranna ábhar.

D’fhonn cruinnithe éifeachtacha AFMÁ a chinntiú, moltar go bhfanfadh uainiú chur i gcrích MRBanna agus cruinnithe AFMÁ chomh cóngarach dá chéile agus is féidir i gcomhthéacs ar leith na scoile.

D’fhéadfadh sé, i roinnt cásanna, gur gá obair na scoláirí, arna forbairt mar chuid de phróiseas MRB, a thaifeadadh agus/nó a stóráil ar líne. Mar shampla, déanfaidh múinteoirí samplaí a thaifeadadh de chuir i láthair a dhéanfaidh scoláirí, rud a úsáidfear le haghaidh a phléite ag na cruinnithe AFMÁ.

I ngach cás, agus obair na scoláirí á taifeadadh agus á stóráil, tá de cheangal ar mhúinteoirí agus ar scoileanna gníomhú i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), atá i bhfeidhm ón 25 Bealtaine 2018, agus le ceanglais i dtaca le cosaint leanaí.

Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar leibhéal gnóthachtála scoláirí i MRB bainfidh múinteoirí úsáid as breithiúnas 'ar an iomlán' maidir leis na Gnéithe Cáilíochta atá leagtha amach sna ceithre cinn de thuairiscíní leibhéil:

| Tuairiscíní don Mheasúnú Rang-Bhunaithe |
|---|
| Thar barr |
| Os cionn na nIonchas |
| Ag teacht le hIonchais |
| Ionchais le baint amach fós |

### 3.2 3 Measúnuithe Rang-Bhunaithe i nGearrchúrsaí

Níl aon athrú ar na socruithe maidir le MRBanna i ngearrchúrsaí. Is measúnú de chineál foirmitheach a bheidh i gceist le formhór na ngníomhaíochtaí measúnaithe a dhéanfar le linn theagasc na ngearrchúrsaí. Cruthófar fianaise ar an bhfoghlaim de réir shonraíocht an ghearrchúrsa agus beidh baint dhíreach aici le haidhmeanna agus le torthaí foghlama an ghearrchúrsa. Beidh MRB amháin ag gearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí. Áirítear leis sin Corpoideachas, nuair is gá do scoláirí sa tríú bliain in 2020/21 MRB amháin a chur i gcrích seachas an dá cheann a bhíodh ann go hiondúil. Déanann an scoil tuairisciú ar na gearrchúrsaí do scoláirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí le linn na Sraithe Sóisearaí agus ar PGSS.

Tá treoirlínte le haghaidh MRBanna do gach gearrchúrsa atá forbartha ag CNCM ar fáil in Aguisín 1.

### 3.2.4 Cruinnithe um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁnna) d'fhonn tacú le cur chun feidhme MRBanna

Déanfaidh múinteoirí na scoláirí measúnú ar na MRBanna nuair a bheidh na MRBanna curtha i gcrích ag scoláirí agus déanfar na torthaí a thuairisciú do na scoláirí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Chun tacú le múinteoirí measúnú a dhéanamh ar MRBanna na scoláirí, tabharfaidh na múinteoirí faoi chruinnithe AFMÁ. Ag na cruinnithe sin, déanfaidh múinteoirí samplaí ionadaíocha d'obair na scoláirí a roinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar thuiscint chomhchoiteann i dtaca le caighdeán oibre a gcuid scoláirí.

Nuair nach mbíonn ach múinteoir amháin d'ábhar faoi leith sa scoil, is féidir leis an scoil rannpháirtíocht an mhúinteora sin in gcruinniú AFMÁ scoile eile a éascú. I gcás scoile a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, is féidir rannpháirtíocht an mhúinteora i gcruinniú AFMÁ scoile eile a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a éascú. D'fhéadfadh sé go

ndéanfaí na féidearthachtaí a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú lena leithéid de chruinnithe a fhiosrú.

D'fhéadfadh sé gur gá, i gcás gearrchúrsaí, go mbreithneodh scoileanna ar chruinnithe AFMÁ a reáchtáil go leictreonach le múinteoirí gearrchúrsaí i scoileanna eile.

Ba cheart cruinnithe AFMÁ a reáchtáil, seachas i gcúinsí eisceachtúla, don mheasúnú ar MRBanna a thugtar chun críche i ngearrchúrsaí agus déanfar cur síos ar ghnóthachtáil na scoláirí ag baint úsáide as na tuairiscíní céanna agus a úsáidtear do na hábhair thuas.

Tá ról fíorthábhachtach ag na cruinnithe AFMÁ maidir le cultúr coláisteach gairmiúil a fhorbairt agus chun cur leis an saineolas faoi na breithmheasanna a dhéanann múinteoirí maidir le gnóthachtáil scoláirí.

Tá tuilleadh plé ar siúl idir an Roinn, ceardchumainn na múinteoirí agus comhlachtaí bainistíochta maidir le cúrsaí a bhaineann le cruinnithe AFMÁ a thionól sna scoileanna. Mar thoradh ar an bplé sin thug an Roinn ceithre rogha maidir le tionól na gcruinnithe AFMÁ do na scoileanna, agus mionsonraítear iad sin i gCiorclán 0017/2020. Tugadh, leis an gceathrú rogha, deis na cruinnithe AFMÁ ar fad a thionól le linn gnáthuaireanta teagaisc na scoile, ach le laghdú comhfhreagrach i leithdháileadh ama gairmiúil ar na múinteoirí. Níor roghnaigh aon scoil an rogha sin. Ba cheart go roghnódh scoileanna díreach ceann amháin de na roghanna seo a leanas chun cruinnithe AFMÁ a eagrú.

Rogha A

- Féadfaidh scoileanna a roghnú amchlár a chothabháil nó a chur chun feidhme ina mbeidh ceithre lá fada agus lá amháin níos giorra.
- Éascóidh an t-amchlár seo cruinnithe AFMÁ agus cruinnithe eile a bhaineann leis an tSraith Shóisearach a thionól sa tréimhse tar éis don teagasc a bheith críochnaithe ar an lá is giorra, nó ag am eile nach gcuirfidh isteach ar am teagaisc na scoláirí.
- Ceanglófar ar scoileanna na leibhéil ama teagaisc do scoláirí atá sainithe faoi láthair a choinneáil, .i. 28 n-uaire an chloig sa tseachtain.
- Ní foláir nó nach dtabhóidh scoileanna aon chostais bhreise trí Ionadaíocht.
- Ní foláir nó nach mbaintear úsáid as Ionadaíocht agus Maoirseacht chun cruinnithe AFMÁ a éascú.
- Cruinniú aonair a bheidh i gcruinniú AFMÁ a mhairfidh thart ar 2 uair an chloig.

Rogha B

- Tagtar ar chomhaontú ag leibhéal na scoile idir múinteoirí agus an bhainistíocht go dtionólfar cruinnithe AFMÁ ag am a bheidh oiriúnach do na múinteoirí sna grúpaí ábhair gan cur isteach ar am teagaisc.
- Má cheadaíonn na cúinsí é, féadfar cruinniú, nó cuid de, a reáchtáil laistigh de ghnáthuaireanta teagaisc na scoile.

- Ceanglófar ar scoileanna na leibhéil ama teagaisc do scoláirí atá sainithe faoi láthair a choinneáil, .i. 28 n-uaire an chloig sa tseachtain.
- Ní foláir nó nach dtabhóidh scoileanna aon chostais bhreise trí Ionadaíocht.
- Ní foláir nó nach mbaintear úsáid as Ionadaíocht agus Maoirseacht chun cruinnithe AFMÁ a éascú.
- Cruinniú aonair a bheidh i gcruinniú AFMÁ a mhairfidh thart ar 2 uair an chloig.

Rogha C

- Is éard a bheidh sa phróiseas AFMÁ ná 40 nóiméad d'am ullmhúcháin laistigh d'am gairmiúil an mhúinteora, agus sciar comhoibritheach d'fhad 80 nóiméad ar a laghad, agus é sin le bheith mar chruinniú aonair.
- Nuair a bheidh an MRB tugtha chun críche ag na scoláirí, déanfaidh a múinteoir ranga ábhar measúnú sealadach ar fhoghlaim na scoláirí mar a fhorbraíonn agus a léiríonn an próiseas MRB é, bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar na measúnuithe sealadacha sin a mhodhnú i bhfianaise an phlé a bhíonn ar siúl ag an gcruinniú AFMÁ.
- Mar ullmhúchán don sciar comhoibritheach den phróiseas AFMÁ, sainaithneoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair na scoláirí do gach tuairiscín, más indéanta, le plé ag an gcruinniú. Cuirfidh gach múinteoir a c(h)uid samplaí faoi bhráid an Áisitheora, mar aon le nóta gairid ar gach sampla d'obair na scoláirí ag taispeáint a gcúiseanna lena measúnú sealadach ar obair na scoláirí. Tacóidh sé sin leis na múinteoirí ábhartha go léir athbhreithniú a dhéanamh ar shamplaí d'obair na scoláirí sa chéim ullmhúcháin.
- Déanfaidh an tÁisitheoir na samplaí cuí d'obair na scoláirí agus na nótaí ceangailte a sholáthraíonn na múinteoirí ábhair a chur le chéile agus a chur ar fáil roinnt laethanta sula dtosófar ar an sciar comhoibritheach den phróiseas AFMÁ.
- Úsáidfidh múinteoirí 40 nóiméad dá gcuid ama gairmiúil chun teacht ar an ábhar sin, na samplaí agus na nótaí ceangailte a scrúdú, agus eolas a chur ar a n-ábhar.
- Tionólfar iarmhéid an phróisis AFMÁ (cruinniú a mhaireann 80 nóiméad ar a laghad) ag am a bheidh oiriúnach do na múinteoirí sa ghrúpa ábhair, gan cur isteach ar am teagaisc na scoláirí agus gan aon ionadú a úsáid.
- Ceanglófar ar scoileanna na leibhéil ama teagmhála scoláirí atá sainithe faoi láthair a choinneáil, .i. 28 n-uaire an chloig sa tseachtain.
- Ní foláir nó nach dtabhóidh scoileanna aon chostais bhreise trí Ionadaíocht.
- Ní foláir nó nach mbaintear úsáid as Ionadaíocht agus Maoirseacht chun cruinnithe AFMÁ a éascú.

## 3.3 Socruithe Tascanna Measúnaithe (TManna) do 2020/21

Fógraíodh socruithe athbhreithnithe do scoláirí sa tríú bliain den tSraith Shóisearach sa bhliain acadúil 2020/21 i mí Lúnasa 2020 ag éirí as tionchar na paindéime COVID-19, a bhaineann an ceanglas TManna a chur i gcrích.

Roimhe seo, b'ionann TManna agus 10% den mharc deiridh sna hábhair ábhartha. Do scoláirí atá sa 3ú bliana sa bhliain acadúil 2020/21, cuirfear an 10% sin isteach sa scrúdú deiridh, a thabharfaidh cuntas ar 100% de na marcanna deiridh sna hábhair ábhartha.

## 3.4 Scrúdú Deiridh do scoláirí tríú bliana 2020/21

Don chuid is mó[10] de na hábhair sa tSraith Shóisearach, beidh scrúdú scríofa ann a dhéanfaidh CSS a leagan amach, a riaradh agus a mharcáil. Ní mhairfidh na scrúduithe scríofa níos faide ná dhá uair an chloig nuair a bheidh an tsonraíocht nua tugtha isteach don ábhar.

Tá na scrúduithe deiridh scríofa sceidealaithe le bheith ar siúl i mí an Mheithimh 2021. Beidh an scrúdú deiridh scríofa ag leibhéal comónta, seachas Béarla, Gaeilge (T1 agus T2) agus Matamaitic, mar a mbeidh dhá leibhéal ar fáil (ardleibhéal agus gnáthleibhéal).

Cuirfear san áireamh i ngnóthachtáil an scoláire sna Scrúduithe Deiridh i gcás na n-ábhar praiticiúil, gnóthachtáil an scoláire sa chomhpháirt phraiticiúil a ndéantar measúnú uirthi go seachtrach (déantán, obair phraiticiúil, nó taibhiú).

Úsáidfear tacar de ghráid chun gnóthachtáil a thaifeadadh. Déanfaidh CSS na gráid státdeimhnithe sin a thuairisciú ar dtús i bhfoirm shealadach i mí Mheán Fómhair/go luath i mí Dheireadh Fómhair i ndiaidh dheireadh an tríú bliain. Déanfar iad a dheimhniú ina dhiaidh sin agus cuirfear san áireamh iad ar PGSS a eiseófar ón scoil. Is mar seo a leanas a bheidh na gráid le sonrú:

Grádú an Scrúdaithe Deiridh

| GRÁD | RAON (%) |
|---|---|
| Gradam | ≥90 to 100 |
| Ardtuillteanas | ≥75 and <90 |
| Tuillteanas | ≥55 and <75 |
| Gnóthaithe | ≥40 and <55 |
| Gnóthaithe go páirteach | ≥20 and <40 |
| Neamhghrádaithe | ≥0 and <20 |

[10] *Is é an Amharc-Ealaín an t-aon ábhar sa tSraith Shóisearach nach bhfuil Scrúdú Deiridh CSS ag dul leis i mí an Mheithimh*

Leanfaidh CSS den tacaíocht atá ann faoi láthair do shocruithe réasúnta i scrúdú an Teastais Shóisearaigh (Scéim RACE) a chur ar fáil d'iarrthóirí a bheidh ag déanamh na Scrúduithe Deiridh in ábhair na Sraithe Sóisearaí.

### 3.5 Socruithe measúnaithe do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais

Is cuid lárnach de chlár foghlama ar bith an measúnú, toisc go gcuireann sé an fhoghlaim chun cinn agus go dtacaíonn sé leis an teagasc. Tá ionchas ann gur chóir go mbeadh an deis ag na scoláirí go léir, a mhéad agus is féidir, fianaise ar a bhfoghlaim a chur i láthair in MRBanna. Chun é sin a chinntiú, táthar ag súil go mbainfidh scoileanna aon bhac a d'fhéadfadh a bheith os comhair scoláirí ag eascairt as speictream de thosca sóisialta, gnéis, eitneacha, cultúrtha agus comhshaoil nó ó dhúshláin fhisiciúla nó foghlama ar leith. Ba chóir socruithe ar bith a bheith i gcomhréir leis na cinn atá i bhfeidhm ag an scoil chun tacú le foghlaim an scoláire le linn na scoilbhliana agus atá ceaptha lena chinntiú gur féidir le scoláirí an méid atá foghlama acu a léiriú seachas cúiteamh a dhéanamh as easpa foghlama/gnóthachtála.

D'ainneoin a bhfuil thuas, beidh roinnt scoláirí fós ann nach n-éireoidh leo torthaí foghlama a bhaint amach laistigh d'ábhair agus de shonraíochtaí ghearrchúrsaí mar gheall ar shainriachtanas oideachais ar leith.

Féadfaidh scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gcatagóirí ardfheidhmithe meánacha agus ísealfheidhmithe éadroma de dheacrachtaí foghlama ginearálta a bheith ag déanamh staidéir, mar is cuí, ar theaglaim ATFanna agus de ghearrchúrsaí CFL2. Féadfaidh scoláirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ginearálta acu sa réimse íseal meánach, agus dian agus trom, staidéar a dhéanamh, mar is cuí, ar theaglaim ATFanna agus de ghearrchúrsaí CFL1.

Féadfaidh na scoláirí sin atá ag tabhairt faoi CFL2 ábhair agus/nó gearrchúrsaí a ghlacadh freisin ag Leibhéal 3. Beidh na socruithe measúnaithe do na hábhair agus do na gearrchúrsaí ag Leibhéal 3 a d'fhéadfadh a bheith i gceist i gcás na scoláirí sin mar atá leagtha amach in míreanna 2.13.1 agus 2.13.3.

Níltear ag súil go mbeidh scoláirí atá ag tabhairt faoi CFL1 ag déanamh scrúduithe a ghabhann le Clár Foghlama Leibhéal 3.

Déanfaidh múinteoirí na scoláirí measúnú ar fhoghlaim an scoláire sna AFTanna agus i ngearrchúrsaí a áirítear i CFL1anna agus i CFL2anna, agus déanfar tuairisciú uirthi do na scoláirí agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí le linn na Sraithe Sóisearaí agus sa PGSS ag baint úsáide as tuairiscíní cuí – Gnóthaithe (CFL2anna) agus Curtha i gCrích go Rathúil nó Dul Chun Cinn Déanta (CFL1anna).

- AFTanna: ginfear an fhianaise ar an bhfoghlaim ag tagairt do shonraíochtaí CNCM do na AFTanna mar a luaitear i bhfoilseachán CNCM Cláir Foghlama

Leibhéal 2: Treoirlínte do Mhúinteoirí agus beidh baint dhíreach acu le torthaí foghlama na AFTanna sin.

- Gearrchúrsaí Leibhéal 2: beidh MRB amháin ann do gach gearrchúrsa. Ba chóir socruithe ar bith chun inrochtaineacht na MRBanna sin do scolairí a chinntiú a bheith i gcomhréir leis na cinn atá ar bun ag an scoil chun tacú le foghlaim an scoláire le linn na scoilbhliana. Ba chóir go mbeidís sin ceaptha lena chinntiú gur féidir le scoláirí a léiriú cad atá foghlama acu seachas cúiteamh a dhéanamh as easpa foghlama/gnóthachtála.

Thar na trí bliana den tSraith Shóisearach, tiomsaíonn na scoláirí fianaise ar a gcuid foghlama i CFL1agus/nó CFL2 le chéile i bpunann. Cuireann na scoláirí an phunann sin faoi bhráid a gcuid múinteoirí agus déantar measúnú agus tuairisciú ar obair na scoláirí.

Tugann PGSS cur síos ar ghnóthachtálacha scoláirí i CFL1 agus/nó CFL2, mar a thuairiscíonn an scoil iad. Nuair a bheidh fianaise ar ghnóthachtáil curtha isteach ag scoláire i dtaca le tromlach na dtorthaí foghlama do gach gné in ATF ar leith (suas le sé ATF do CFL1anna ar a mhéad agus suas le cúig ATF do CFL2anna ar a mhéad), taispeánfar teideal an ATF sa rannóg ábhartha den PGSS. Sa chás nach gcuirfidh scoláire isteach fianaise ar ghnóthachtáil in ATF ar leith ní thaispeánfar an ATF sin ar an PGSS. Taobh amuigh de na ceanglais a bhaineann le ATFanna, áireoidh scoláirí freisin fianaise ar fhoghlaim i ngearrchúrsaí ag Leibhéal 1 agus ag Leibhéal 2. Nuair a bheidh MRB curtha i gcrích go rathúil ag scoláire do ghearrchúrsa Leibhéal 2, déanfar an tuairiscín ‘Gnóthaithe’ a thaifeadadh sa rannóg ábhartha den PGSS mar aon le teideal an ghearrchúrsa ábhartha. Sa chás nach bhfuil MRB curtha i gcrích go rathúil ag scoláire do ghearrchúrsa Leibhéal 2, ní thaispeánfar teideal an ghearrchúrsa ar an PGSS. Déantar an ghnóthachtáil in ATFanna agus i nGearrchúrsaí (Leibhéal 1) araon a mheas de réir ceann amháin de na tuairiscíní seo a leanas: Curtha i gCrích go Rathúil nó Dul Chun Cinn Déanta.

Eiseofar treoir go gairid maidir le socruithe athbhreithnithe do scoláirí sa 3ú bliain 2020/21 atá ag tabhairt faoi CLF1anna agus CFL2anna i bhfianaise thionchar COVID-19.

## 3.6 Tuairisciú ar Ghnóthachtáil Scoláirí

### 3.6.1 Tuairisciú

Déanfar an tuairisciú foirmiúil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtálacha scoláirí sa chéad agus sa dara bliain, agus eiseoidh an scoil PGSS ilchodach tar éis an scrúdú deiridh a bheith déanta. Beidh sé sin mar chomhlánú ar an tuairisciú ar dhul chun cinn do thuismitheoirí/chaomhnóirí le linn cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí agus trí ghnáthsheisiúin aiseolais do scoláirí, lena n-áirítear aiseolas i ndiaidh do gach MRB a bheith curtha i gcrích.

Tá treoirlínte don tuairisciú forbartha ag CNCM de réir stíl agus fhormáid PGSS. Iarrtar ar scoileanna a gcuid formáidí tuairiscithe féin a fhorbairt ar aon dul leo sin. Tá roinnt samplaí le fáil sna dréacht-teimpléid atá ullmhaithe ag CNCM den chaoi a bhféadfaí dul

chun cinn scoláirí a thuairisciú ag deireadh an dara bliain den tSraith Shóisearach. Léiríonn an teimpléad conas a d'fhéadfadh scoil cur chuige céimnithe a úsáid i dtaca le téarmaíocht nua na Sraithe Sóisearaí a thabhairt isteach ina gcuid tuairiscí. Beidh réimse de chineálacha eile tuairiscithe ag dul leis an tuairisc fhoirmiúil sin le linn na scoilbhliana, lena n-áirítear cruinnithe le tuismitheoirí agus múinteoirí chomh maith le cineálacha difriúla aiseolais scríofa nó ó bhéal ar dhul chun cinn na scoláirí.

Tá Treoirlínte ar Thuairisciú, lena n-áirítear samplaí de theimpléid a bheidh le húsáid ag scoileanna, ar fáil ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-tuairisciú.

### 3.6.2 Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Ní dhéanfar aon PGSS a bhronnadh ar scoláirí sa tríú bliain in 2019/20 toisc scrúduithe na Sraithe Sóisearaí 2020 a bheith curtha ar ceal de dheasca COVID-19. Tá socruithe malartacha curtha i bhfeidhm ina ionad de bhun fhógra ón Aire ar an 29 Aibreán, 2020. Cuirtear nasc chuig an bhfógra sin ar fáil in Aguisín 1.

Tabharfaidh PGSS 2020/21 tuairisc ar ghnóthachtáil scoláirí thar raon de réimsí foghlama sa tSraith Shóisearach, lena n-áirítear na réimsí seo a leanas:

- Scrúduithe Deiridh CSS;
- Gearrchúrsaí;
- Measúnuithe Rang-Bhunaithe[11];
- Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna) (más cuí);
- Cláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1anna) (más cuí) (beidh an chéad cheann le feiceáil ar PGSSanna in 2021);
- Réimse na Folláine (beidh an chéad cheann le feiceáil ar PGSSanna ó 2021 amach);
- Réimsí foghlama eile.

Sa tréimhse eatramhach, léireoidh PGSS torthaí a chuireann CSS ar fáil d'ábhair sa tSraith Shóisearach atá nua chomh maith leo siúd atá ann cheana féin agus beidh líon na n-ábhar ag méadú bliain i ndiaidh bliana go dtí go mbeidh gach sonraíocht ábhair nua á scrúdú i samhradh na bliana 2022. Is feidir tuilleadh eolais air sin a fháil i Lámhleabhar PGSS.

### 3.6.3 Socruithe taifeadta agus tuairiscithe

Tugann na hailt srac-chuntas ar na socruithe teicniúla atá ann faoi láthair i gcomhair na PGSSanna a tháirgeadh i ndáil le scoileanna agus le hionaid éagsúla ina mbíonn scoláirí ag gabháil don tSraith Shóisearach.

Déanfaidh **iar-bhunscoileanna aitheanta** toradh na MRBanna (in ábhair agus i ngearrchúrsaí) a thaifeadadh, chomh maith le gnóthachtálacha in ATFanna (más cuí) dá

[11] *Coigeartófar dearadh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) do 2021 chun na socruithe athbhreithnithe do MRBnna a chur san áireamh.*

scoláirí agus déanfar na sonraí sin a uaslódáil ar Chóras Bhunachar Sonraí Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna na Roinne. Déanfar na sonraí sin, mar aon leis an toradh ó Scrúduithe Deiridh CSS (tar éis an phróisis achomhairc agus an Tasc Measúnaithe san áireamh[12]) a thaifeadadh ar PGSS do gach scoláire. Cuirfear an PGSS pháirt-chomhlánaithe ar fáil ansin go leictreonach do scoileanna chun sonraí maidir le ghóthachtálacha i Réimsí Foghlama Eile agus Folláine a thaifeadadh i dtaca le gach scoláire. Ansin, soláthróidh scoileanna na PGSSanna comhlánaithe dá scoláirí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

Maidir le **Scoileanna Speisialta, Ionaid Ógtheagmhála, Ionaid Choinneála agus Foghlaimeoirí Lánfhásta in ionaid scoile eile neamhchaighdeánacha** ina mbíonn scoláirí ag gabháil don tSraith Shóisearach, cuirfear teimpléad PGSS páirt-chomhlánaithe ar fáil do na scoileanna agus do na hionaid sin trí chóras uathoibríoch a d'fhorbair an Roinn. Is é an córas atá ann Bunachar Sonraí Mheasúnú na Sraithe Sóisearaí (BSMSS). Cuimseofar sa teimpléad na torthaí ó Scrúduithe Deiridh CSS ar bith (an Tasc Measúnaithe san áireamh[13]) a rinne scoláirí nuair is cuí. Taifeadfaidh scoileanna go háitiúil ar an PGSS torthaí MRBanna na scoláirí (in ábhair agus i ngearrchúrsaí mar is cuí), gnóthachtálacha na scoláirí in ATFanna, chomh maith le gnóthachtálacha i Réimsí Foghlama Eile agus Folláine. Ansin soláthróidh na scoileanna sin an PGSS comhlánaithe dá scoláirí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

### 3.6.4 Coimeád PGSS agus Bainistiú ar Thaifead

Ceanglófar ar scoileanna an PGSS do gach scoláire a shábháil – go leictreonach nó mar chóip chrua. Ba chóir do na scoileanna cóipeanna a choimeád den PGSS ar feadh 7 mbliana tar éis lán-aoise (18). Ba chóir na taifid choimeádta a úsáid chun freastal ar iarratais ó scoláirí ar a PGSS, lena n-áirítear nuair a bhíonn na scoláirí tar éis an scoil a fhágáil. Ba chóir do scoileanna cuimhneamh ina leith sin ar na ceanglais RGCS a tugadh isteach i mí na Bealtaine 2018.

## 3.7 Foghlaimeoirí lánfhásta i suíomhanna oideachais d'aosaigh

Féadfaidh foghlaimeoirí lánfhásta freisin staidéar a dhéanamh ar ghearrchúrsaí agus ar ATFanna de réir mar a oireann dá riachtanais foghlama. Beidh an tsolúbthacht fós ag foghlaimeoirí lánfhásta sa scoilbhliain 2020/21 chun staidéar a dhéanamh ar ábhar nó ábhair ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí laistigh de bhliain acadúil amháin. Tabharfaidh na foghlaimeoirí lánfhásta sin faoi MRB amháin (é sin a dhéantar sa tríú bliain i scoileanna príomhshrutha), agus faoin Scrúdú Deiridh.[14]

---

[12] *Ní cheanglófar ar scoláirí a thiocfaidh isteach sa tríú bliain i mí Mheán Fómhair 2020 Tascanna Measúnaithe a dhéanamh do na hábhair ábhartha.*

[13] *Ní cheanglófar ar scoláirí a thiocfaidh isteach sa tríú bliain i mí Mheán Fómhair 2020 Tascanna Measúnaithe a dhéanamh do na hábhair ábhartha.*

[14] *Don scoilbhliain 2020/21, ní bheidh Tascanna Measúnaithe ann do gach foghlaimeoir, foghlaimeoirí lánfhásta san áireamh.*

Ní cheanglaítear ar fhoghlaimeoirí lánfhásta staidéar a dhéanamh in aon ábhar ar leith agus ní cheanglaítear orthu staidéar a dhéanamh ar Chorpoideachas, OSSP ná OSPS ná ar ghnéithe eile sa réimse foghlama ar a dtugtar Folláine.

Toisc go bhfuil an Creat don tSraith Shóisearach deartha mar chlár scoile trí bliana, níl sé oiriúnach é a dhéanamh laistigh de thréimhse ama níos giorra. Ar an gcúis sin tá sé beartaithe cláir foghlama mhalartacha níos oiriúnaí a shainaithint d'fhoghlaimeoirí lánfhásta sa todhchaí.

## 4. ACMHAINNÍ AGUS TACAÍOCHTAÍ

Leanfar de na hacmhainní seo a leanas a chur ar fáil do scoileanna lena chinntiú go mbíonn an t-am agus na hacmhainní is gá acu chun an tSraith Shóisearach a chur chun feidhme ar fáil:

a) Clár forleathan don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí (sonraí ar fáil ó sheirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí www.jct.ie)
b) Am gairmiúil do mhúinteoirí (.i. am nach mbeidh múinteoirí i mbun ranga ach go mbeidh siad rannpháirteach i réimse de ghníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha chun tacú le cur chun feidhme na Sraithe Sóisearaí)
c) Íocaíocht ar uaireanta breise chun cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chomhordú
d) Acmhainní bainistíochta (.i. uaireanta breise ar íocaíocht a chaithfidh scoileanna ar aon chúis amháin: bainistiú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme na Sraithe Sóisearaí).

Clár Forleathan FGL do Cheannairí Scoile agus do Mhúinteoirí

Leanfaidh an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) de bheith ag seachadadh FGL, seirbhís tacaíochta FGL tiomnaithe na Roinne ag tacú le scoileanna agus an Creat don tSraith Shóisearach á chur chun feidhme acu.

### 4.1 Pleanáil Scoile Uile agus Féinmheastóireacht Scoile

Leagtar amach ceanglais maidir le Féinmheastóireacht Scoile (FMS) i gCiorclán 0041/2016. Tagann an Ciorclán sin in ionad chiorclán 0040/2016 *Leanúnachas le Féinmheasóireachta Scoile a chur i bhfeidhm 2016-2020* agus aithnítear ann na dúshláin a bhaineann le dúnadh na scoileanna mar gheall ar Covid-19. Bhí an tríú timthriall de FMS le tosú i mí Mheán Fómhair 2020. Tugann Ciorclán 0041/2020 dá aire, áfach, nach mbeidh aon riachtanais nua FMS ann do scoileanna agus d'ionaid oideachais sa scoilbhliain 2020/21. Beidh an tsolúbthacht ag na scoileanna an próiseas FMS a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a thagann chun cinn le linn athoscailt na scoileanna agus na n-ionad agus/nó chun gnéithe den teagasc agus den fhoghlaim a

roghnaíodh mar fhócas d'fhéinmheastóireacht na scoile sa tréimhse 2016/2020 a chur i gcrích.

Tá teacht ar chomhairle maidir le conas is féidir FMS a úsáid ar an mbealach sin, mar aon le *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna, Féinmheastóireachta Scoile: Treoirlínte 2016-2020: Iar-bhunscoileanna*, cóipeanna de *Nuashonrú FMS* ag tagairt do chur chun feidhme na Sraithe Sóisearaí agus acmhainní eile ag http://schoolself-evaluation.ie/ga/.

Leantar den fhaomhadh do scoileanna dúnadh, le cead ón mbord bainistíochta nó ón BOO, de réir mar is cuí, le haghaidh lá pleanála scoile uile agus féinmheastóireachta le haghaidh cur chun feidhme na Sraithe Sóisearaí do gach bliain den chur chun feidhme suas go dtí an scoilbhliain 2021/22. Mar gheall ar COVID-19, féadfar é sin a dhéanamh go cianda.

Beidh cuspóir an lae sin ag athrú le himeacht aimsire, ach in 2020/21 féadfaidh scoileanna é a úsáid chun tacú le leabú agus/nó forbairt leanúnach Chreat na Sraithe Sóisearaí ar bhonn na scoile uile. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist anseo go ndéanfaidh scoileanna athbhreithniú ar na polasaithe agus ar na cleachtais reatha atá acu, chomh maith le pleanáil agus faireachán i gcomhair na n-athruithe atá á dtabhairt isteach faoin *Creat don tSraith Shóisearach 2015*.

Beidh an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) fós ar fáil chun cabhrú le scoileanna pleanáil don lá sin don scoil uile agus é a chur chun feidhme agus beidh siad i dteagmháil go díreach le scoileanna ina leith sin.

## 4.2 Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí

(a) Múnlaí soláthair FGL

Leanann SSM de chlár náisiúnta cuimsitheach FGL a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí. Beidh na himeachtaí foghlama gairmiúla a sholáthróidh SSM le linn 2020/21 i gcomhréir le *ar Ag Filleadh Scoil: Treoir ar Fhoghlaim agus ar Chláir Scoile do Cheannairí agus do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile* (a foilsíodh i mí Iúil 2020). Déanfar breithniú ar na timpeallachtaí oideolaíochta ina mbeidh múinteoirí ag obair, na srianta a bhféadfadh sé a bheith riachtanach iad a chur i bhfeidhm, ar chúiseanna sláinte, maidir le freastal ar imeachtaí FGL, agus an gá chun aon chur isteach ar am teagmhála ranga i rith na scoilbhliana a íoslaghdú a oiread agus is féidir. Beidh cuid mhór de sholáthar FGL agus de thacaíochtaí ábhartha eile sa chlár FGL atá beartaithe ag SSM do 2020/2021 ar líne. Ní féidir aon FGL duine le duine a chur ar fáil roimh mhí Eanáir 2021 agus faoin am sin déanfar an scéal a athbhreithniú i bhfianaise na comhairle ábhartha a fhaightear ó na húdaráis sláinte.

(b) FGL do cheannairí scoile

Cuirfear tacaíochtaí ar líne ar fáil do cheannairí scoile go rialta i rith na scoilbhliana 2020/2021 agus tabharfaidh siad aghaidh ar riachtanais sainráite ceannairí scoile. Beidh fócas amháin de na tacaíochtaí ar líne sin, go háirithe ag tús na scoilbhliana nua, ar an tsraith shóisearach i gcomhthéacs na scoláirí atá ag filleadh ar scoil tar éis dhúnadh na scoile mar gheall ar COVID-19. Tosóidh imeachtaí duine le duine do cheannairí scoile in athuair sa dara leath den bhliain 2020/2021 má mheastar de réir dálaí sláinte é sin a bheith cuí. Eiseofar fógra faoi na himeachtaí sin chuig ceannairí scoile i bhfad sula ndéanfar iad a sholáthar. Spreagtar ceannairí scoile chun a bheith rannpháirteach in imeachtaí SSM d'fhonn coinneáil suas le forbairtí sa tsraith shóisearach.

(c) FGL na scoile uile

D'fhorbair an SSM roinnt laethanta FGL scoile uile agus féadtar iad a éascú i scoileanna níos déanaí sa scoilbhliain 2020/2021 faoi réir comhairle ó na húdaráis sláinte. Cuirfidh foireann FGL scoile uile na sraithe sóisearaí do mhúinteoirí tacaíochtaí leanúnacha ar líne ar fáil do mhúinteoirí le linn 2020/2021. Tabharfaidh na tacaíochtaí ar líne aghaidh ar an bhfolláine, ar chruinnithe um AFMÁ (AFMÁ) agus ar thacaíochtaí do mhúinteoirí a bhfuil uaireanta acmhainní bainistíochta na sraithe sóisearaí acu, ach ní bheidh siad teoranta dóibh siúd amháin. Féadfar cruinnithe tacaíochta beo ar líne a éascú freisin do scoileanna inar féidir le grúpa beag múinteoirí, le cead ó bhainistíocht na scoile, freastal orthu. Tabharfar réamhfhógra maidir le gach imeacht do scoileanna agus do mhúinteoirí i bhfad roimh ré.

(d) FGL Sainiúil don Ábhar

Mar thoradh ar thionchar COVID-19, b'éigean FGL sainiúil don ábhar a aistriú isteach sa spás ar líne don scoilbhliain 2020/2021. Sa chomhthéacs sin tá sé beartaithe, faoi réir comhairle ó na húdaráis sláinte, FGL de réir ábhair a sholáthar do mhúinteoirí ar líne sa tréimhse ó Eanáir go hAibreán 2021. Éileofar leis sin dúnadh scoile aon lá amháin ar scoláirí i gcás cnuasghrúpaí scoileanna agus freastalóidh múinteoirí ar FGL dá n-ábhar ábhartha ar líne. Féadfaidh scoileanna dúnadh, le cead ón mbord bainistíochta/BOO, de réir mar is cuí, chun rannpháirtíocht na múinteoirí a éascú. Sa chás go ndúnann scoil, caithfidh gach múinteoir freastal ar chnuasócáid na scoile ar líne agus dul i mbun na gníomhaíochta FGL. Déanfaidh SSM idirchaidreamh díreach le scoileanna maidir leis na cnuasimeachtaí sin, lena n-áirítear na himeachtaí a sceidealú agus gach scoil a shannadh in am trátha do na himeachtaí sin. Tarlóidh sé sin i bhfad roimh an lá ar a reáchtálfar an FGL.

(e) Tacaíochtaí an Dara hÁbhar Teagaisc

Tugtar an deis do mhúinteoirí a mhúineann an dara hábhar sa tsraith shóisearach chun a bheith rannpháirteach i dtacaíochtaí FGL san ábhar sin ag tús scoilbhlianta leanúnacha (Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair gach bliain de ghnáth). Ní féidir FGL sa dara hábhar teagaisc a sholáthar i suíomh duine le duine i mbliana mar gheall ar thionchar na paindéime COVID-19. Mar thoradh air sin, rinne SSM na ceardlanna ábhair

FGL 2019/2020 go léir a athsholáthar sa spás ar líne agus tá siad sin ar fáil ar www.jct.ie do gach múinteoir a mhúineann an dara hábhar ó thús na scoilbhliana 2020/2021.

(f) Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Leanfar le tacaíocht do CFL1anna agus CFL2anna a sholáthar d'iar-bhunscoileanna príomhshrutha agus do scoileanna speisialta. Éascófar na tacaíochtaí sin ar líne, den chuid is mó, don scoilbhliain 2020/2021 agus tabharfar isteach imeachtaí duine le duine in athuair faoi réir comhairle ó na húdaráis sláinte. Is féidir tacaíochtaí saincheaptha do scoileanna a shocrú i gcomhar le Comhairleoirí ábhartha SSM L1/L2.

(g) Ilghnéitheach

Ceanglaítear ar bhainistíocht i ngach scoil gach múinteoir a chlárú le SSM, lena n-áirítear a seoltaí ríomhphoist scoilbhunaithe, agus a bhfreastal ar imeachtaí FGL a éascú, nuair is infheidhme.

Chun na croí-imeachtaí ar líne a chuirtear ar fáil i rith na scoilbhliana 2020/2021 a chomhlánú, eagróidh SSM dhá imeacht comhchruinnithe roghnacha FGL ar líne le linn na scoilbhliana 2020/2021, ceann i mí Dheireadh Fómhair/Samhain 2020 agus ceann eile i mí an Mhárta/mí Aibreáin 2021. Cuimseofar sna himeachtaí sin seimineáir ghréasáin, podchraoltaí agus imeachtaí beo FGL a chlúdóidh raon leathan réimsí agus ábhar a bhaineann leis an tsraith shóisearach ach ní bheidh siad teoranta dóibh sin amháin.

Comhoibríonn SSM leis an gCigireacht agus le gníomhaireachtaí eile na Roinne Oideachais agus seirbhísí tacaíochta scoile i gcomhthéacs dearaidh, éascaithe agus athbhreithnithe ar a cuid oibre.

## 4.3 Am Gairmiúil

Aithnítear sa Chreat don tSraith Shóisearach 2015 go dteastaíonn am gairmiúil ó mhúinteoirí chun a bheith páirteach i raon gníomhaíochtaí comhair gairmiúla. Áirítear mar chion den am gairmiúil sin comhar le comhghleacaithe teagaisc chun tacú le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú.

Cuirfidh an t-am sin ar chumas múinteoirí, de réir mar is gá, tabhairt faoi réimse gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhair, mar atá:

1. Gníomhaíochtaí gairmiúla na scoile uile chun tacú leis an tSraith Shóisearach
2. Gníomhaíochtaí gairmiúla an mhúinteora aonair agus ranna ábhar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú foirmitheach, aiseolas, tuairisciú agus ionchuir a bheith á dtiomsú don PGSS
3. Freastal ar chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
4. Ullmhúchán do chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhar agus maoirseacht ar thorthaí na gcruinnithe sin.

5. Riaradh Tascanna Measúnaithe sna seomraí ranga. Ní bheidh gá leis sin sa bhliain acadúil 2020/21.

Tá suíomhanna Ógtheagmhála a dhéanann an tSraith Shóisearach a sheachadadh i dteideal am gairmiúil a bheith acu. Ba chóir go dtiocfadh an t-am sin ón am atá ann cheana i gcomhair dualgais riaracháin agus ní bheidh laghdú dá réir sin ar an am teagaisc.

Léiriú is ea an soláthar d'am gairmiúil aonair do mhúinteoirí ar an tiomantas faoin gCreat don tSraith Shóisearach 2015 go gcuirfí tacaíocht dá leithéid ar fáil chun ligean do mhúinteoirí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí comhoibríocha gairmiúla chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú. Ó mhí Mheán Fómhair 2017, sna réimsí ábhair go léir, beidh múinteoirí lánaimseartha atá páirteach i seachadadh na Sraithe Sóisearaí i dteideal 22 uair an chloig d'am gairmiúil a fháil, le teidlíocht *pro rata* do mhúinteoirí páirtaimseartha mar atá leagtha amach in Aguisín 2. Mar atá leagtha amach thuas, tá sé sin faoi réir ag comhoibriú iomlán ó mhúinteoir le gnéithe uile an Chreata. Tacófar le soláthar an ama ghairmiúil sin trí leithdháileadh de 678 bpost breise de choibhéis lánaimseartha ar scoileanna. Tá leithdháileadh an ama ghairmiúil ceaptha chun nach mbeidh laghdú ar an am teagmhála ranga iomlán do scoláirí. Taispeántar an leithdháileadh ar leithligh ar an sceideal foirne mar atá leagtha amach sna Ciorcláin i dtaca le Leithdháiltí Faofa de Phoist Teagaisc do scoileanna aonair agus is ionann é agus an leithdháileadh breise a chuirfí ar fáil ag laghdú 0.53 sa Chóimheas idir Scoláirí agus Múinteoirí.

Fágfaidh an soláthar de 22 uair an chloig ar a mhéad d'am gairmiúil do mhúinteoirí lánaimseartha atá rannpháirteach i seachadadh na sraithe sóisearaí (agus soláthar *pro rata* do mhúinteoirí páirtaimseartha) go laghdófar an t-am a chaitheann gach múinteoir lánaimseartha i mbun ranga (lena n-áirítear am teagaisc agus am leithdháilte ar dhualgais bhainistíochta agus chomhordaithe eile atá sannta dóibh), i scoil ina bhfuil an t-amchlár leagtha amach i dtréimhsí ama 40 nóiméad, ó 33 thréimhse theagaisc san amchlár go dtí 32 thréimhse theagaisc.

Tá an tréimhse 40 nóiméad d'am gairmiúil atá soláthraithe laistigh den amchlár ar fáil do mhúinteoirí ar an tuiscint go n-úsáidfidh siad an t-am leithdháilte go solúbtha, lena n-áirítear tréimhsí ama a chuachadh le chéile agus am a thabhairt chun cinn chun comhoibriú gairmiúil a éascú. Féadfaidh múinteoirí na tréimhsí ama a úsáid freisin do phleanáil aonair, aiseolas nó gníomhaíochtaí tuairiscithe a bhaineann leis an tSraith Shóisearach. Beidh gá, go háirithe, le tréimhsí ama a chuachadh le chéile chun cruinnithe AFMÁ a éascú. Ós rud é nach féidir cruinnithe um chomhoibriú gairmiúil a reáchtáil ach amháin nuair is féidir leis na múinteoirí ábhair lena mbaineann a bheith i láthair, b'fhéidir go dteastódh líon teoranta cruinnithe ag baint leasa as am cuachta na múinteoirí le go reáchtálfar cuid den chruinniú lasmuigh de ghnáthuaireanta teagaisc na scoile. Mairfidh gach cruinniú thart ar dhá uair an chloig. Beidh an tsolúbthacht sin ag teastáil agus beidh sí teoranta go ginearálta, d'eagrú cruinnithe AFMÁ.

Is ábhar do bhainistíocht na scoile é úsáid an ama ghairmiúil go léir, agus iad ag gníomhú de réir théarmaí an Chiorcláin seo. Ní mór gach tréimhse ama a sholáthraítear chun tacú le cur chun feidhme na Sraithe Sóisearaí a úsáid chuige sin faoi threoir fhoriomlán bhainistíocht na scoile agus is féidir go ndéanfaí iniúchadh ar úsáid an ama ghairmiúil mar chuid de mheastóireacht scoil uile agus i gcigireachtaí eile.

Leanfar den tsamhail leithdháilte ama gairmiúil (lena n-áirítear an leithdháileadh ar leith do mhúinteoirí RSO) a aontaíodh don scoilbhliain 2017/18 agus, nuair is gá, cuirfear leis chun aon phoist bhreise teagaisc de choibhéis lánaimseartha a léiriú a thiocfadh de bharr méadú ar líon na scoláirí.

Ceanglaíodh i gCiorclán 0017/2020, Treoir ar Phróiseas na Sraithe Sóisearaí um Athbhreithniú agus Measúnú Ábhair, a eisíodh chuig scoileanna ar an 27 Feabhra 2020, rogha a dhéanamh as ceann de cheithre rogha chun cruinnithe AFMÁ a eagrú. Dá roghnódh scoil ar bith an ceathrú rogha, cheadódh sé sin cruinnithe AFMÁ a reáchtáil go hiomlán le linn gnáthuaireanta teagaisc scoile, ach le laghdú comhfhreagrach ar leithdháileadh d'am gairmiúil ar na múinteoirí. Níor roghnaigh aon scoil an rogha sin agus dá bhrí sin ní gá aon laghdú ar an leithdháileadh. Tugtar breac-chuntas ar na roghanna eile maidir le heagrú cruinnithe AFMÁ in mír 3.2.4.

### 4.4 Acmhainní do chomhordú Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhar

Déanfaidh bainistíocht scoile dhá uair an chloig bhreise a leithdháileadh ar mhúinteoir ar bhonn uainíochta, chun ullmhúchán agus comhordú a dhéanamh ar gach cruinniú AFMÁ d'ábhar nó do ghearrchúrsa aonair, lena n-áirítear dearbhú a sholáthar do bhainistíocht na scoile go raibh an cruinniú ann, gur bronnadh tuairiscíní agus gur tugadh tuairisc. Féadfar cuidiú leis an leithdháileadh dhá uair an chloig trí uaireanta íoctha breise ionadaíochta a sholáthar don scoil – ní laistigh den scéim Mhaoirseachta agus Ionadaíochta. Tagann sé seo sa bhreis ar an 22 uair an chloig d'am gairmiúil a bheidh leithdháilte laistigh den amchlár ar gach múinteoir lánaimseartha ó 2017/18 ar aghaidh.

### 4.5 Acmhainní Bainistíochta

Beidh bord bainistíochta gach scoile nó an BOO, de réir mar is cuí, mar aon le foireann bhainistíochta inmheánach na scoile, freagrach as cur chun feidhme foriomlán na Sraithe Sóisearaí sa scoil, mar atá siad freagrach as gach gné eile d'obair na scoile.

Mar aitheantas ar an gcás go bhfuil impleachtaí le tabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach 2015 do cheannairí scoile, leithdháileadh uaireanta breise ar scoileanna (trí bhithín ionadaíochta) le feidhm ó 2016 ar bhonn eatramhach go dtí go gcuirfí poist cheannaireachta ar ais i scoileanna, chun cuidiú le héascú na hoibre breise sin. Tugadh sonraí i gCiorclán 0003/2018 - 'Ceannaireacht agus Bainistíocht in Iar-bhunscoileanna' i ndáil le tabhairt ar ais poist cheannaireachta agus bhainistíochta sna scoileanna sin, lena n-áirítear tuairim ar 1,300 post ceannaireachta á dtabhairt ar ais d'iar-

bhunscoileanna. Mar a léirítear i mír 1.2.3 thuas, leanfar de sholáthar uaireanta acmhainní bainistíochta don bhliain acadúil 2020/21 sna cúinsí ar leith a bhaineann leis an mbliain sin. Léirítear an leithdháileadh don bhliain acadúil 2020/21 thíos agus tá roinnt coigeartuithe ann ón soláthar a bhí ann in 2019/20, le méadú foriomlán sa soláthar cistithe.

| **Rollú** | **Uaireanta Acmhainní Bainistíochta Gach Seachtain** |
|---|---|
| 700 + | 2 uair (2 uair 15 nóiméad a bhíodh ann) |
| 600 – 699 | 2 uair 40 nóiméad (2 uair 27 nóiméad a bhíodh ann) |
| 400 – 599 | 2 uair (1 uair 57 nóiméad a bhíodh ann) |
| < 399 | 2 uair (1 uair 30 nóiméad a bhíodh ann) |

Beidh feidhm ag na socruithe *pro rata* atá ann cheana maidir le cur chun feidhme páirteach.

Braithfidh soláthar na n-acmhainní breise sin ar scoileanna a bheith ag deimhniú go bhfuil rochtain ag a scoláirí sa tSraith Shóisearach ar chleachtais teagaisc, foghlama agus mheasúnaithe atá ag teacht leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015 agus na sonraíochtaí lena mbaineann atá saindeartha ag CNCM agus faofa ag an Aire, lena n-áirítear na socruithe measúnaithe go léir a leagtar amach sa Chiorclán seo.

Déanfaidh an príomhoide, le cead an bhoird bhainistíochta, i ndiaidh cuireadh ar léirithe spéise ó na múinteoirí sa scoil, na huaireanta teagaisc breise a dheonófar don scoil a leithdháileadh chun tacú leis/léi an tSraith Shóisearach nua a chur chun feidhme. Beidh an leithdháileadh ama breise sin i bhfoirm uaireanta comhordaithe seachtainiúla agus is féidir é a tharraingt anuas thar an scoilbhliain.

Féadfar na huaireanta a chuachadh mar aitheantas ar an scéal gur féidir éagsúlacht a bheith sa mhéid oibre a bhaineann le comhordú ar an tSraith Shóisearach i scoilbhliain ó sheachtain go seachtain.

Féadfaidh roinnt de na gníomhaíochtaí seo a leanas nó iad ar fad a bheith san áireamh:

- Tacú leis an bPríomhoide/Príomhoide Tánaisteach le pleanáil, cumarsáid agus ionadaíocht a eagrú do mhúinteoirí a bhíonn ag freastal ar inseirbhís;
- Imeachtaí FGL inmheánacha na scoile nó ar líne a sceidealú agus idirchaidreamh le SSM;
- Maoirsiú ar sceidealú na gcruinnithe AFMÁ;
- Idirchaidreamh le comhordaitheoirí na gcruinnithe AFMÁ;
- Maoirsiú ar na nósanna imeachta tuairiscithe nua MRB d'ábhair agus do CFL2anna CFL1anna agus do ghearrchúrsaí do thuismitheoirí/chaomhnóirí.

- Riarachán ar Thascanna Measúnaithe a eagrú agus na socruithe riachtanacha a dhéanamh chun an Tasc Measúnaithe a sheoladh ar ais chuig CSS. Ní bheidh sé sin riachtanach don bhliain acadúil 2020/21.

# 5. FAISNÉIS BHREISE

## 5.1 Rialacha agus Clár

Glacfaidh forálacha an Chiorclán seo áit na dtagairtí go léir don tSraith Shóisearach agus do scrúduithe an Teastais Shóisearaigh i Rialacha 20, 21, 32, 33 agus 34 de na Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna 2004/2005.

## 5.2 Rochtain ar Fhaisnéis

Is féidir teacht ar fhaisnéis bhreise ar shuíomh gréasáin CNCM www.ncca.ie/ga agus ar shuíomh gréasáin SSM www.jct.ie/leagangaeilge agus www.curriculumumonline.ie

Tá faisnéis agus réimse d'ábhair phraiticiúla ar na suíomhanna gréasáin sin atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do cheannairí scoile, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo freisin ag www.education.ie

**An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta**
**18 Samhain 2020**

## AGUISÍN 1 – Doiciméadacht Ghaolmhar

Tagraítear sa Chiorclán seo don doiciméadacht seo a leanas:

1. Tá an *Creat don tSraith Shóisearach 2015*, ar fáil ag: https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Framework-for-Junior-Cycle-2015.pdf
2. Socruithe maidir le Cigireacht agus Féinmheastóireacht Scoile don Scoilbhliain 2020/2021 Ciorclán Uimhir: 0041/2020 ag: https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0041_2020.pdf
3. Creat don tSraith Shóisearach – An Stair i Scoileanna as Meán Fómhair 2020 amach Uimhir Chiorcláin 0016/2020 ag: https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0016_2020.pdf
4. *Treoir ar Phróiseas na Sraithe Sóisearaí um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus Measúnú Ábhair* Ciorclán Uimhir 0017/2020 ag: https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0017_2020.pdf
5. An Comhráiteas ar Phrionsabail agus ar Chur Chun Feidhme (22 Bealtaine 2015) agus a aguisín, a foilsíodh an 5 Iúil 2015 agus atá ar fáil ag https://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/Junior-Cycle-Reform-Joint-Statement-on-Principles-and-Implementation.pdf
6. Sonraíochtaí ábhair do gach ábhar atá le teagasc sa tSraith Shóisearach; déanann an CNCM na sonraíochtaí sin a fhorbairt agus déanann an tAire iad a fhaomhadh. Tá gach ceann de na sonraíochtaí ábhair ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/Junior-cycle
7. Treoirlínte do Mhúinteoirí i dtaca leis na Cláir Foghlama Leibhéal 2. Saindearadh na CFL2anna do scoláirí a mbaineann a gcuid deacrachtaí/riachtanas foghlama ginearálta leis an raon íseal éadrom go hard meánach agus tá siad ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/f03b2786-2e04-454e-b0b8-56e313ff62b2/11729-NCCA-Level-2-Guidelines-V5August-2014.pdf
8. Treoirlínte do Mhúinteoirí i dtaca leis na Cláir Foghlama Leibhéal 1. Saindearadh na CFL1anna do scoláirí a mbaineann a gcuid deacrachtaí/riachtanas foghlama ginearálta leis an raon íseal meánach go trom agus géar agus tá siad ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/f03b2786-2e04-454e-b0b8-56e313ff62b2/11729-NCCA-Level-2-Guidelines-V5August-2014.pdf
9. Is féidir teacht ar tuilleadh eolais faoi CFL1anna agus CLF2anna anseo: https://www.ncca.ie/en/junior-cycle/level-one-and-level-two-programmes
10. Tá spriocdhátaí do na measúnuithe rang-bhunaithe don scoilbhliain 2020/2021 ar fail ag : https://ncca.ie/en/resources/revised-arrangements-for-the-completion-of-classroom-based-assessments-for-the-cohort-of-students-2018-2021
11. Sonraíochtaí do ghearrchúrsaí don tSraith Shóisearach atá saindeartha ag CNCM lena n-úsáid ag scoileanna; ar fáil ag https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Short-Courses

12. Treoirlínte do scoileanna i dtaca le gearrchúrsaí a fhorbairt sa tSraith Shóisearach; ar fáil ag https://www.ncca.ie/en/junior-cycle/subjects-and-short-courses/develop-your-own-short-course
13. Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach, agus ábhar pleanála folláine eile, arna bhforbairt ag CNCM; ar fáil ag https://ncca.ie/media/3862/wellbeing-guidelines-for-junior-cycle_-ga.pdf
14. Ráiteas Polasaí na Roinne maidir le Folláine agus an Creat lena Chur i bhFeidhm 2018-2023, Iúil 2018; ar fail ag https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/raiteas-polasai-follaine-creat-cleachtais-2018-%E2%80%93-2023.pdf
15. Is féidir teacht ar threoir CNCM a forbraíodh chun tacú le pleanáil don scoilbhliain 2020/2021 mar fhreagairt ar na cúinsí ar leith a tháinig chun cinn de dheasca na paindéime COVID-19 ag https://ncca.ie/media/4648/considerations-in-planning-for-wellbeing-2020-2021.pdf
16. Creat Treorach Scoile Uile 2017; le fáil ar https://www.ncge.ie/wsg/resources
17. Treoir dhea-chleachtais d'iarbhunscoileanna maidir le cláir agus/nó áisitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn de réir Ráiteas Polasaí Folláine agus Creatlach Chleachtais na Roinne Oideachais agus Scileanna: https://www.education.ie/ga/Ciorclán-agus-Foirmeacha/Ciorclán-Gníomhacha/cl0043_2018_ir.pdf
18. *Ag Filleadh ar an Scoil: Treoir ar Fhoghlaim agus ar Chláir Scoile do Cheannairí agus do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile* (a foilsíodh i mí Iúil 2020), agus 'Treoir churaclaim agus measúnachta do cheannairí agus múinteoirí iar-bhunscoile i ndáil le filleadh ar an scoil in 2020/21' (Lúnasa 2020). Tá an dá doiciméad ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ar-n-iar-bhunscoileanna-a-athoscailt/ Fógra ROS ar an 29 Aibreán 2020 maidir le socruithe athbhreithnithe measúnachta don tSraith Shóisearach 2020, https://www.education.ie/ga/Preas-agus-Imeachtaí/Preasráitis/preasraitis-2020/PR20-05-01.html

## AGUISÍN 2 – Leithdháileadh *Pro Rata* an Ama Ghairmiúil ar Mhúinteoirí Páirtaimseartha

Tá feidhmiú *pro rata* an Ama Ghairmiúil i leith múinteoirí atá ar níos lú ná uaireanta iomlána leagtha amach thíos.

| Uaireanta i gconradh an mhúinteora | Am gairmiúil p.a. - Tréimhsí Ranga ( x 40 nóiméad) | Am gairmiúil: Iomlán p.a. |
|---|---|---|
| 11 uair nó níos lú | 17 | = 11 uair, 20 nóim |
| 11 uair 1 nóiméad – 11 uair 29 nóim. | 17 | = 11 uair, 20 nóiméad |
| 11 uair 30 nóiméad – 11 uair 59 nóiméad | 18 | = 12 uair |
| 12 uair – 12 uair 29 nóiméad | 18 | = 12 uair |
| 12 uair 30 nóiméad - 12 uair 59 nóiméad | 19 | = 12 uair, 40 nóiméad |
| 13 huaire – 13 huaire 29 nóiméad | 20 | = 13 huaire, 20 nóiméad |
| 13 huaire 30 nóiméad – 13 huaire 59 nóiméad | 21 | = 14 huaire |
| 14 huaire – 14 huaire 29 nóiméad | 21 | = 14 huaire |
| 14 uair 30 min – 14 huaire 59 min | 22 | = 14 huaire, 40 nóiméad |
| 15 huaire – 15 huaire 29 nóiméad | 23 | = 15 huaire, 20 nóiméad |
| 15 huaire 30 nóiméad – 15 huaire 59 nóiméad | 24 | = 16 huaire |
| 16 huaire – 16 huaire 29 nóiméad | 24 | = 16 huaire |
| 16 huaire 30 nóiméad – 16 huaire 59 nóiméad | 25 | = 16 huaire, 40 nóiméad |
| 17 n-uaire – 17 n-uaire 59 nóiméad | 26 | = 17 n-uaire, 20 nóiméad |
| 18 n-uaire nó níos mó | 33 | = 22 uair |

Is é an líon iomlán uaireanta atá sannta do mhúinteoir - a chuimsíonn am teagaisc agus dualgais bhainistíochta agus chomhordaithe a shanntar dó/di - an candam uaireanta ar a bhfuil feidhmiú an sceidil thuas maidir le ham gairmiúil bunaithe.